QQI
Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Cláir Phrintíseachta

# Treoirlínte Sain-Earnála um Dhearbhú Cáilíochta (DC)

## Treoirlínte Reachtúla DC arna gceapadh ag an QQI le haghaidh soláthraithe Clár Reachtúil Printíseachta

Meitheamh 2016/QG3-V1 © QQI

QQI, gníomhaireacht chomhtháite na cáilíochta agus na gcáilíochtaí in Éirinn

Meitheamh 2016/QG3-V1 © QQI

# Treoirlínte Sain-Earnála um Dhearbhú Cáilíochta (DC)

## Treoirlínte Reachtúla DC arna gceapadh ag an QQI le haghaidh soláthraithe Clár Reachtúil Printíseachta


| Roinn | Teideal | Lch |
|---|---|---|
| | Brollach | 1 |
| **Roinn 1:** | **Réamhrá** | **3** |
| 1.1 | Comhthéacs dlí agus beartais | 3 |
| 1.2 | Cuspóir | 3 |
| **Roinn 2:** | **Comhthéacs, Raon, Toimhdí agus Prionsabail** | **3** |
| 2.1 | Comhthéacs | 3 |
| 2.2 | Geallsealbhóirí agus comhpháirtíochtaí printíseachta | 4 |
| 2.3 | Raon na dtreoirlínte seo – cé leo a mbaineann siad | 6 |
| **Roinn 3:** | **Treoirlínte: Céimeanna Forbartha** | **8** |
| 3.1 | Treoirlínte DC an QQI | 8 |
| 3.2 | Comhpháirtithe i múnlú printíseach | 8 |
| 3.3 | Dámhachtainí, cláir agus curaclaim | 9 |
| 3.4 | Céim cheadú na gairme | 10 |
| 3.5 | Rochtain ar bhailíochtú an QQI | 10 |
| 3.6 | Eagar ranna na dtreoirlínte | 11 |
| 3.7 | Treoirlínte do chéim forbartha an chláir réamhbhailíochtaithe | 12 |

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn 4:** | **Treoirlínte: Céim Oibríochtúil an Chláir** | **21** |
| 4.1 | Meabhráin chomhaontaithe gairme agus meabhrán tuisceana | 21 |
| 4.2 | Soláthar clár | 22 |
| 4.3 | Measúnú ar ghnóthachtáil printíseach | 29 |
| 4.4 | Cáilíocht i gcláir phrintíseachta a bhainistiú agus a choimeád | 31 |
| 4.5 | Athbhreithniú tréimhsiúil ar an ngairm, ar an gcuibhreannas agus ar an gclár | 35 |
| **Roinn 5:** | **Tacaíocht do Phrintísigh** | **38** |
| 5.1 | Ceisteanna ginearálta | 38 |
| 5.2 | Dualgas cúraim i gcás printíseach óg | 39 |
| 5.3 | Comhtháthú le institiúidí lasmuigh den láthair oibre | 39 |
| 5.4 | Déileáil le freagrachtaí iomaíocha | 39 |
| 5.5 | Riachtanais speisialta oideachais agus oiliúna nó míchumas | 39 |
| 5.6 | Gearáin | 39 |
| **Roinn 6:** | **Soláthar faisnéise** | **40** |
| 6.1 | Faisnéis agus sonraí bainistíochta | 40 |
| 6.2 | Faisnéis phoiblí | 40 |
| **Roinn 7:** | **Aguisíní** | **42** |
| 7.1 | Aguisín 1: Treoirlínte do dhréachtú Meabhrán Comhaontaithe / Tuisceana | 42 |
| 7.2 | Aguisín 2: Sampla de Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais | 44 |

## BROLLACH

Is forbairt nuálach dhearfa é printíseachtaí breise faoi threoir fostóirí a thabhairt isteach i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann agus táthar ag súil go gcomhlánóidh siad an svuít printíseachtaí atá bunaithe cheana féin. Sna Treoirlínte Sain-Topaice DC le haghaidh Printíseachtaí seo a leanas féachtar le treoir shubstaintiúil shaincheaptha a sholáthar maidir le conas is féidir leis an té atá cuntasach don QQI maidir le DC cláir phrintíseachta a fhorbairt, a chur ar fáil agus a mheasúnú; tagraítear don té sin thíos mar an Soláthraí Comhordúcháin. Leanann béim riachtanach ar ról an tSoláthraí Chomhordúcháin as sin, agus meastar gur soláthraí a oibreoidh laistigh de chuibhreannas a chomhlíonfaidh an ról sin. Is iad fostóirí nó comhlachtaí ionadaithe fostóirí a thionscnóidh an cuibhreannas d'fhonn riachtanais aitheanta fostóirí a chomhlíonadh.

Gabhann rialachas roinnt de na heilimintí atá i gceist le printíseacht thar fheidhmeanna reachtúla an QQI maidir le DC agus bronnadh dámhachtainí. Go háirithe, i gcás ról reachtúil SOLAS chun fostóirí a cheadú agus a chlárú; printísigh a chlárú; Orduithe Oiliúna Tionsclaíocha[1]; agus rialacha reachtúla a cheapadh d'oibriú printíseachtaí, is gá admháil luath a dhéanamh i gcomhthéacs an doiciméid seo a leanas. Tá róil cistiúcháin ag SOLAS agus an Údarás um Ardoideachas (HEA), leis, i ndáil le breisoideachas agus ardoideachas agus oiliúint, faoi seach.

Dá bharr, déantar tagairt ag pointí áirithe, sna Treoirlínte DC seo maidir le Printíseachtaí, do riachtanais SOLAS mar rialálaí reachtúil d'fhonn soiléiriú a thabhairt don Soláthraí Comhordúcháin, go bhfeidhmeofar a fhreagrachtaí in éineacht le agus thar ceann an chuibhreannais i dtrácht, laistigh de chomhthéacs ina bhfuil róil in éineacht ag eagraíochtaí stáit. Ba mhaith le SOLAS agus an HEA go mbeadh a gcuid ról agus freagrachtaí comhlántach ar a chéile chun riachtanais fostóirí, printíseach agus soláthraithe araon a chomhlíonadh. Sa chomhthéacs seo, agus i gcomhar le cuibhreannais, déanfar athbhreithniú ar na Treoirlínte DC seo le haghaidh Cláir Phrintíseachta ag deireadh na tréimhse cuí féachaint an mbeadh atriall oiriúnach.

Meitheamh 2016

1 *Déantar Ordú Oiliúna Tionscail faoin Acht Oiliúna Tionscail 1967 a ainmníonn gníomhaíocht ar leith mar ghairm shainiúil chun críocha printíseachtaí a rialáil laistigh den ghairm sin.*

# 1 RÉAMHRÁ

## 1.1 Comhthéacs dlí agus beartais

Eisítear an doiciméad seo faoi Acht 27(1)(a) den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (Acht 2012)[2].

Ní mór na treoirlínte reachtúla saintopaice seo a léamh i gcomhar leis na Buntreoirlínte Reachtúla DC. Is comhlánú iad na treoirlínte seo ar na buntreoirlínte DC de bhrí go ndírítear orthu ar fhreagrachtaí ar leith le haghaidh dearbhú cháilíocht na gclár printíseachta.

## 1.2 Cuspóir

Tairgtear sa doiciméad seo saintreoir do sholáthraithe clár printíseachta maidir le dea-chleachtas ó thaobh cáilíochta chláir printíseachta oideachais agus oiliúna agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú.

Bítear ag súil go bhféachfaidh soláthraithe do na treoirlínte seo chun bonn eolais a chur faoi bhunú nó athnuachan a nósanna imeachta DC le haghaidh cláir phrintíseachta agus seirbhísí gaolmhara.

Beidh an doiciméad seo ina ábhar spéise, leis, do ghrúpa ginearálta geallsealbhóirí printíseachta, lena n-áirítear iad siúd atá bainteach go díreach le hoideachas nó oiliúint printíseach; fostóirí printíseach; cumainn fostóirí; comhlachtaí gairme; comhlachtaí rialála; ceardchumainn; cumainn chleachtais; printísigh; múinteoirí agus páirtithe leasmhara eile.

Sna treoirlínte seo dírítear ar sholáthraithe, ach ní chiallaíonn sin gur gá gurb iad soláthraithe a thionscnaíonn nó a théann i gceannas ar bhunú cláir phrintíseachta. Meastar gur fostóirí a mhúnlóidh an cinneadh chun clár printíseachta a bhunú, agus gurb iad riachtanais na ceirde i dtrácht a mhúnlóidh na torthaí foghlama ceaptha ar chláir mar sin. Mar sin féin, ní mór a nótáil gurb é ról an QQI anseo treoirlínte a bhunú do sholáthraithe (chlár oideachais agus oiliúna). Ní mór a nótáil, leis, go soiléireofar an caidreamh idir an Soláthraí Comhordúcháin, fostóirí na bprintíseach nach cuid de chuibhreannas iad, agus an rialálaí reachtúil, i gcomhthéacs na gclár sainiúil printíseachta.

# 2 COMHTHÉACS, RAON, TOIMHDÍ AGUS PRIONSABAIL

## 2.1 Comhthéacs

Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le gach clár reachtúil printíseachta arna rialú faoin Acht Oiliúna Tionscail 1967. Faoin Acht seo, tá raon freagrachtaí ag an údarás breisoideachais agus oiliúna, SOLAS; lena n-áirítear printíseachtaí reachtúla a ainmniú trí Orduithe Oiliúna Tionscail.

Choimisiúnaigh an Roinn Oideachais agus scileanna athbhreithniú ar phrintíseachtaí i 2013. Foilsíodh tuarascáil, *Athbhreithniú ar Oiliúint Printíseachta in Éirinn*, dá éis sin, i

2 http://www.irishstatutebook.ie/eli/2012/act/28/enacted/en/print

mí na Nollag na bliana sin. Ina dhiaidh sin, seoladh an Chomhairle Phrintíseachta[3] an 18 Samhain 2014 ar bhonn eatramhach. Tá sé de chúram ar an gComhairle Phrintíseachta printíseachtaí a leathnú trasna raon leibhéal cáiliúcháin isteach in earnálacha nua den gheilleagar, as a leanfaidh na printíseachtaí 'nua' dá dtagraítear sa pharagraf roimhe seo.

Sa tuarascáil ar *Oiliúint Printíseachta in Éirinn (Review of Apprenticeship Training in Ireland)* rinneadh na moltaí seo a leanas maidir le printíseachtaí:[4]

> *"Is clár struchtúrtha oideachais agus oiliúna é printíseacht, ina gcomhcheanglaítear go foirmiúil agus ina malartaítear foghlaim san ionad oibre agus foghlaim san ionad oideachais nó oiliúna (córas déach, .i. comhcheangal cumasctha d'oiliúint le fostóir ar an láthair oibre agus oiliúint lasmuigh den láthair oibre) agus ar a chríoch:*
>
> - *ullmhaíonn sé an rannpháirtí do ghairm ar leith, agus*
> - *leanann cáilíocht a bhfuil aitheantas náisiúnta aici ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar leibhéal ó Leibhéal 5 aníos.*
>
> *Ba chóir gach printíseach a bheith fostaithe faoi Chonradh Printíseachta ceadaithe ó cheann ceann na hoiliúna.*
>
> *Ba chóir d'oiliúint phrintíseachta a bheith substaintiúil i ndoimhneacht agus i bhfad tréimhse, agus ba chóir an printíseach a bheith fostaithe i bhfíorphost. Le clár a bheith aicmithe mar phrintíseach ar leibhéal iontrála, ní mór fad tréimhse nach lú ná dhá bhliain a bheith aige. Ba chóir foráil a bheith déanta i struchtúr an chláir le haghaidh foghlama san ionad oibre de 50% ar a laghad.*
>
> *Ba chóir céimithe as cláir phrintíseachta a bheith cáilithe chun dul i mbun oibre go neamhspleách go hinniúil, go gairmiúil agus go neamhspleách ina réimse roghnaithe.*
>
> *Ba chóir printíseachtaí a bheith ar fáil do dhaoine i ngach aoisghrúpa os cionn aois reachtúil fhágáil na scoile/ Is móid mhórluachmhara foghlama iad d'iontrálaithe isteach sa mhargadh saothair agus dóibh siúd ar mian leo cur lena gcuid scileanna. Ní mór do phrintíseachtaí an rannpháirtí a ullmhú do ról poist nua.*

## 2.2 Geallsealbhóirí agus comhpháirtíochtaí printíseachta

Áirítear ar na tagairtí do gheallsealbhóirí atá ábhartha maidir le forbairt an chláir phrintíseachta:

*a)* Fostóirí ionchasacha na bprintíseach

*b)* Cleachtóirí sa ghairm i dtrácht

*c)* Soláthraithe sheirbhísí oideachais agus oiliúna

*d)* Cumainn ghairme

*e)* Rialálaithe gairmeacha

3 *http://www.apprenticeshipcouncil.ie/faq.aspx*

4 *An Roinn Oideachais agus Scileanna (2013) Athbhreithniú ar Oiliúint Phrintíseachta in Éirinn, Achoimre Feidhmiúcháin Bhaile Átha Cliath, Roinn 1 lch.7 (Department of Education and Skills (2013) Review of Apprenticeship Training in Ireland, Dublin Executive Summary, Section 1 p7,) http://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Review-of-Apprenticeship-Training-in-Ireland.pdf*

*f)* Eagraíochtaí stáit atá freagrach as printíseachtaí a mhaoiniú agus a rialáil

*g)* Cuibhreannais a bunaíodh chun printíseachtaí a fhorbairt

*h)* Agus, ar ndóigh, na printísigh ionchasacha iad féin.

### 2.2.1 Príomhróil geallsealbhóirí ó thaobh cláir phrintíseachta a sholáthar

Laistigh de ghrúpaí ginearálta geallsealbhóirí, beidh príomhróil ag geallsealbhóirí áirithe ó thaobh **cláir phrintíseachta** a sholáthar.

*1)* Fostóirí na bprintíseach

*2)* An Soláthraí Comhordúcháin

*3)* Soláthraithe comhoibritheacha lena n-áirítear soláthraithe lasmuigh den láthair oibre

*4)* Printísigh

Is féidir le **soláthraí ábhartha nó nasctha** ról an tSoláthraí Chomhordúcháin a chomhlíonadh (faoi mar a shainítear in alt 2 d'Acht 2012).

Is éard a bheidh sa Soláthraí Comhordúcháin aonán arb é an t-oideachas agus an oiliúint a phríomhfheidhm ach ní gá gurb é an t-aon fheidhm aige.

Amach ó, agus mar thaca, leis na príomh-chomhpháirtithe seo beidh aonáin éagsúla eile, le róil ar leith agus a ndéanfaidh na príomh-chomhpháirtithe eile idirghníomhú leo.

Féachtar le leagan amach sna treoirlínte seo, i dtéarmaí soiléire, an bunchaidreamh idir na ceithre phríomhról seo. Is gá an caidreamh seo chun dúshraith a chur le forbairt, cothabháil agus soláthar chláir chobhsaí phrintíseachta as a leanfaidh dámhachtainí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Áireofar ar na treoirlínte seo srac-chuntas ar na struchtúir a mheastar a bheidh riachtanach chun cláir nua phrintíseachta agus cláir phrintíseachta atá ann cheana a chur chun feidhme ar shlí chobhsaí.

### 2.2.2 Geallsealbhóirí a bheidh bainteach le cinntiú go gcomhlíonann an clár printíseachta riachtanais na gairme

Tá sé riachtanach go mbíonn an clár printíseachta faoi threoir riachtanais na gairme, i gcomhréir leo agus ag eascairt astu. Tá sé de chúram ar sholáthraí an chláir phrintíseachta é seo a chinntiú ach déanann na haonáin seo a leanas na riachtanais sin a chinneadh: fostóirí, cumainn ghairme, agus aon rialálaithe gairme a d'fhéadfadh a bheith bainteach sa soláthar.

I bprionsabal, is féidir le príomh-gheallsealbhóirí i ngairm ar leith aonán a dhéanamh a thiocfaidh chun bheith ina Sholáthraí Comhordúcháin. Meastar gur socrú neamhthipiciúil a bheidh ansin. I gcás nach gcuimsítear na príomh-

ghealllsealbhóirí uile i soláthraí cláir phrintíseachta, ní mór don Soláthraí Comhordúcháin slite eile a aimsiú le dlúthnaisc a choimeád leis na príomh-ghealllsealbhóirí sin (2.3) le cinntiú go gcomhlíonann an clár printíseachta riachtanais na gairme.

Tá slite difriúla ina bhféadfaí é sin a dhéanamh. Rianaítear cur chuige inúsáidte amháin sa treoirlíne seo mar shampla táscach (Aguisín 2). Áirítear air seo **grúpa stiúrtha cuibhreannais** a bhunú, grúpa a leagtar amach a bhallraíocht agus a fheidhmeanna in Aguisín 2.

## 2.3 Raon na dtreoirlínte seo – cé leo a mbaineann siad

Dírítear sna treoirlínte ar dhearbhú cháilíocht na gclár printíseachta agus na seirbhísí gaolmhara trí lionsa an tsoláthraí (ábhartha nó nasctha).

Baineann na treoirlínte atá sa doiciméad seo go díreach le **soláthraithe** ábhartha nó nasctha atá bainteach (nó soláthraithe ionchasacha ábhartha nó nasctha) le haon chlár printíseachta. Tríothu seo, baineann na treoirlínte go hindíreach le daoine eile atá bainteach le soláthar clár printíseachta.

Baineann na coincheapa sna treoirlínte seo le printíseachtaí 'nua' agus le printíseachtaí bunaithe araon, agus aithnítear a gcéimeanna difriúla forbartha.

### 2.3.1 Tréithe a nglactar leis a bhaineann le cláir phrintíseachta

Beidh na tréithe seo a leanas i bpáirt ag cláir phrintíseachta, laistigh de raon na dtreoirlínte seo:

*a)* Ullmhóidh an clár an rannpháirtí do ghairm ar leith a bhfuil **Próifíl Ghairme** (a shaineofar níos déanaí) bunaithe dó.

*b)* Déantar rochtain ar an gclár trí chonradh printíseachta idir **fostóir ceadaithe printíseach** agus an printíseach.

*c)* Leanfaidh dámhachtain ghairmiúil ar leibhéal idir Leibhéal 5 agus Leibhéal 9 den CNC an clár, dámhachtain atá ailínithe le **Tuairisceoir Cineál Dámhachtana Gairmiúla an QQI** don leibhéal sin[5] agus atá ag teacht leis an **bPróifíl Ghairme** cheadaithe. Féadfaidh an QQI sraith treoirlínte ar leith a eisiúint a chlúdóidh cláir phrintíseachta atá forbartha ar Leibhéal 10 den CNC.

*d)* Is comhcheangal é an clár d'oiliúint ar an láthair oibre (le fostóir) agus d'oiliúint lasmuigh den láthair oibre le soláthraí oideachais/oiliúna.

*e)* Le clár a bheith aicmithe mar phrintíseach ar leibhéal iontrála, ní mór fad tréimhse nach lú ná dhá bhliain a bheith aige.

*f)* Ba chóir foráil a bheith déanta i struchtúr an chláir le haghaidh foghlama san ionad oibre de 50% ar a laghad.

5 *Tuairisceoirí cineál dámhachtana gairmiúla an QQI (aicme dámhachtainí: Gairmiúil) um Ailíniú Dámhachtainí Gairmiúla http://www.qqi.ie/ Publications/Professional_Award-types_PS3_2014.pdf.*

*g)* Glacfar leis seo nach mbainfidh cláir phrintíseachta ach le gairmeacha atá ceadaithe ag an Stát le bheith cuimsithe i liosta na ngairmeacha printíseachta agus beidh **clár amháin** (go náisiúnta) ann i gcás gach próifíl ghairme.

### 2.3.2 Rialáil printíseachtaí

Déantar gach printíseacht reachtúil a rialáil faoi Acht Oiliúna Tionscail 1967. Ní mór na nósanna imeachta DC atá bunaithe ag soláthraithe a bheith ag teacht leis na socruithe rialála seo. Ní mór do sholáthraithe cloí, leis, le haon choinníollacha a fhorchuireann an Chomhairle Phrintíseachta nó comhlachtaí ábhartha cistiúcháin.

### 2.3.3 Raon na dtreoirlínte

Tá céimeanna i gceist i bhforbairt, seachadadh, athbhreithniú agus scor gach cláir oideachais agus oiliúna. Is iad na céimeanna printíseachta a bhaineann go sonrach le bailíochtú clár agus dearbhú cáilíochta:

*a)* **Céim 1:** Ceadú do phróifíl ghairme. Comhlíonfaidh an Chomhairle phrintíseachta an ról seo i gcás printíseachtaí breise.

*b)* **Céim 2:** Clár mionsonraithe printíseachta a fhorbairt chun críche bailíochtú a lorg don chlár as a leanann dámhachtain ar leibhéal sonraithe sa CNC.

*c)* **Céim 3:** Bailíochtú chlár printíseachta do dhámhachtain sa CNC. Sásaíonn an comhlacht dámhachtana é féin maidir lena oiriúnaí atá an clár beartaithe i bhfianaise na dámhachtana iarrtha.

*d)* **Céim 4:** Soláthar an chláir phrintíseachta agus measúnú ghnóthachtáil foghlaimeoirí.

*e)* **Céim 5:** Athbhreithnithe leanúnacha agus athbhailíochtú tréimhsiúil an Chláir.

I gcás printíseacht nua, ní mór dul trí na chéad trí chéim sular féidir é a thairiscint do phrintísigh ionchasacha. Tá cláir phrintíseachta bunaithe ag Céimeanna 4 agus 5 cheana féin.

Gheofar sa doiciméad seo treoirlínte do sholáthraithe ar na céimeanna sin maidir le forbairt, bailíochtú, soláthar, athbhreithniú tréimhsiúil, athbhailíochtú agus dearbhú leanúnach cáilíochta na gclár printíseachta .i. Céimeanna 2 go 5 amháin agus an dá cheann sin san áireamh. Is faoin gComhairle Phrintíseachta atá sé treoir a thabhairt maidir le Céim 1.

Ceapadh na treoirlínte DC seo chun cabhrú le soláthraithe a chinntiú go gcabhraíonn bunú, soláthar, cothabháil agus athbhreithniú na bprintíseachtaí le múnlú printíseach den scoth a bhfuil inniúlacht acu a oireann do riachtanais fhostóirí na hÉireann agus dá bhforbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil leanúnach.

Ceanglaíonn an QQI go n-aistreofar cláir phrintíseachta bhunaithe agus soláthraithe bunaithe, a luaithe is féidir, go nósanna imeachta DC atá ag teacht leo siúd a ndéantar cur síos orthu sna treoirlínte seo.

# 3 TREOIRLÍNTE: CÉIMEANNA FORBARTHA

## 3.1 Treoirlínte DC an QQI

Is é fócas na dtreoirlínte printíseachta creat soiléir a sholáthar chun cáilíocht chláir phrintíseachta as a leanann dámhachtainí ar an CNC a dhearbhú, ar leibhéal córais, soláthraí agus fostóra.

Dírítear sna treoirlínte DC, faoi Acht 2012, ar sholáthraithe ábhartha agus nasctha (agus ar sholáthraithe ábhartha agus nasctha ionchasacha) na gclár printíseachta.

## 3.2 Comhpháirtithe i múnlú printíseach

Mar a luadh roimhe seo, tá ceithre cinn de phríomhróil do chomhpháirtithe in aon chlár printíseachta, agus is dóchúla ná a mhalairt go mbeidh ionadaí ag gach ceann díobh in aon chuibhreannas a bhunaítear chun printíseacht a mholadh nó a fhorbairt. Is iad sin:

- Fostóirí na bprintíseach
- An Soláthraí Comhordúcháin
- Soláthraithe comhoibritheacha ar soláthraithe ábhartha iad, nó nach ea, lena n-airítear soláthraithe oideachais agus oiliúna lasmuigh den láthair oibre agus soláthraithe eile.
- Printísigh

Chun amhras a sheachaint agus chun cabhrú leo siúd is mó atá bainteach le forbairt agus soláthar clár, bheadh sé úsáideach míniú a thabhairt ar chuid de na téarmaí a úsáidtear sna treoirlínte seo le cinntiú go mbaineann gach geallsealbhóir an chiall chéanna astu.

- Is ionann **Fostóir Printíseach** agus aon fhostóir conarthach printíseach atá ceadaithe mar rialálaí reachtúil printíseachta. I gcás ina n-úsáidtear an téarma "fostóir" nó "fiontar" ba chóir glacadh leis go bhfuil an chiall chéanna leo (de réir an chomhthéacs) chun críocha na dtreoirlínte.
- Tá an **Rialálaí Reachtúil** freagrach as na feidhmeanna a shanntar dó faoi Acht Oiliúna Tionscail 1967 nó achtanna a tháinig ina dhiaidh, a chomhlíonadh. Tá an ról sin sannta go reachtúil do SOLAS faoi láthair. Is ról ar leithligh é seo ó ról SOLAS mar sholáthraí printíseachtaí nó mar chisteoir printíseachtaí. Ceapann an rialálaí reachtúil oifigigh údaraithe a chuireann gníomhaíochtaí i gcrích ar a son.
- Is grúpa é **Cuibhreannas**, faoi cheannas fostóirí agus a n-áirítear soláthraithe air, atá bainteach le forbairt agus soláthar chlár printíseachta.
- Duine (aonán le pearsantacht dhlíthiúil) a sholáthraíonn nó a eagraíonn clár oideachais agus oiliúna is ea **Soláthraí**.
- Is soláthraí ábhartha nó nasctha é **Soláthraí Comhordúcháin** atá freagrach i ndeireadh na dála as clár printíseachta a sholáthar (mar a shainmhínítear faoi Acht 2012). I measc a fhreagrachtaí tá curaclam agus nósanna imeachta measúnaithe an chláir a fhorbairt agus a choimeád agus dul i gceannas ar na soláthraithe comhoibríocha atá i gceist. Chun gníomhú mar Sholáthraí

Comhordúcháin ar chlár printíseachta, ní mór don aonán a bheith ina **sholáthraí ábhartha nó nasctha** faoi Acht 2012. Ciallaíonn sin, i measc rudaí eile, nach mór a bheith ina aonán dlíthiúil agus soláthar oideachais agus oiliúna a bheith mar phríomhfheidhm aige. Mura soláthraí ábhartha é an t-aonán cheana, féadfaidh sé teacht chun bheith ina sholáthraí ábhartha trí phróiseas de chuid an QQI.

- Is ionann **soláthraí comhoibríoch** agus soláthraí a bhfuil baint fhoirmiúil aige le soláthar chlár printíseachta agus atá cuntasach sa mhéad seo don Soláthraí Comhordúcháin.
- Is ionann "**soláthraí lasmuigh den láthair oibre**" agus soláthraí comhoibríoch atá bainteach le clár printíseachta agus atá freagrach as oideachas nó oiliúint lasmuigh den láthair oibre. Is féidir gurb é an Soláthraí Comhordúcháin é, ach murab ea, meastar go mbeidh sé cuntasach don Soláthraí Comhordúcháin as na heilimintí sin den chlár atá faoina smacht a chur ar fáil.
- Beidh **Soláthraí Abhartha** mar a shainmhínítear é in alt 2(1) d'Acht 2012.
- Beidh **Soláthraí Nasctha** mar a shainmhínítear é in alt 2(3) d'Acht 2012.
- Beidh **Bord Cláir** mar a shainmhínítear é in alt 3.7.6 (le linn na forbartha) agus in alt 4 (tar éis na forbartha).
- Beidh **Túsghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais** mar a shainmhínítear é in alt 3.7.
- Is ionann **Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais** agus aonán rialála a d'fhéadfaí a thógáil agus a bhunú go húsáideach (mar a mheastar in Aguisín 2) agus a mbeidh de ról aige a chinntiú go mbeidh an clár printíseachta ag teacht le, agus ag forbairt, de réir riachtanais na gairme. Is é an cuspóir a bheadh leis a chinntiú go mbíonn an clár printíseachta faoi threoir fiontair agus go gcomhlíonann sé riachtanais an mhargaidh shaothair.
- Is iad **Comhlachtaí Maoiniúcháin** na bprintíseachtaí SOLAS agus an tÚdarás um Ardoideachas (HEA). Déanfaidh ceann amháin nó an dá chomhlacht seo gach clár printíseachta a mhaoiniú de réir théarmaí agus coinníollacha a chinnfidh siad féin.

## 3.3 Dámhachtainí, cláir agus curaclaim

- Is aonán dlíthiúil é **Comhlacht Dámhachtana Printíseachta** a bhfuil sé de chumhacht aige Dámhachtainí printíseachta a dhéanamh a aithnítear sa CNC nó cineál eile comhlachta dámhachtana a bhfuil socrú comhdhámhachtana aige chun dámhachtain phrintíseachta a dhéanamh in éineacht le haonán den sórt sin. Is féidir leis an gcomhlacht dámhachtana a bheith ina sholáthraí, nó a mhalairt.
- Ciallaíonn **Dámhachtain** dámhachtain, lena n-áirítear comhdhámhachtain, le haghaidh oideachais nó oiliúna, nó an dá cheann, a dhéanann comhlacht dámhachtana nó i gcás comhdhámhachtana, a dhéanann dhá chomhlacht dámhachtana nó níos mó, le foghlaimeoir chun taifead nó deimhniú a thabhairt go bhfuil sealbhaithe ag an bhfoghlaimeoir caighdeán ar leith eolais, scile nó inniúlachta agus áirítear air (a) teastas, (b) dioplóma, (c) céim. Meastar go gcuirfear an **dámhachtain phrintíseachta**, tar éis an clár printíseachta a chríochnú go rathúil, ar an CNC agus go mbeidh sé ag teacht leis (i) an phróifíl

ghairme, (ii) an tuairisceoir infheidhme cineál dámhachtana CNC i gcomhar le (iii) aon tuairisceoir eile infheidhme cineál dámhachtana (m.sh. tuairisceoir le haghaidh céim bhaitsiléara onóracha).

- Is próiseas é **Clár Oideachais agus Oiliúna** trína sealbhaíonn foghlaimeoir eolas, scil nó inniúlacht agus a n-áirítear air cúrsa staidéir, cúrsa teagaisc agus printíseachta.
- Clár bailíochtaithe: Bailíochtaítear clár oideachais agus oiliúna i gcás ina ndeimhníonn an QQI, faoi Alt 45 d'Acht 2012, gur shásaigh soláthraí an chláir é go sealbhóidh foghlaimeoir cláraithe den soláthraí sin, a chríochnaíonn an clár sin, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht is gá chun dámhachtain atá á tairiscint i leith an chláir sin, a fháil, agus go mbeidh ar a chumas, i gcás inarb infheidhme, an t-eolas, an scil nó an inniúlacht sin a léiriú. Tá nósanna imeachta den sórt céanna ag comhlachtaí dámhachtana eile chun cláir a cheadú agus mar sin úsáidtear an téarma 'clár bailíochtaithe' sna comhthéacsanna sin, leis.
- **Clár Bailíochtaithe Soláthraí**: baineann bailíochtú, mar a shainmhínítear thuas é, le clár soláthraí seachas le clár mar mhír ar leith ar shiúl ó sholáthraí. Ní bhíonn clár bailíochtaithe inaistrithe ó sholáthraí go chéile. Ach is féidir clár a bhailíochtú lena sholáthar ag grúpa inleathnaithe soláthraithe a chomhlíonann critéir a ceadaíodh ag uair an bhailíochtaithe agus atá cuntasach don Soláthraí Comhordúcháin.
- Ciallaíonn **Clár Bailíochtaithe Printíseachta** clár bailíochtaithe bunaithe ar churaclam a d'fhorbair agus a chothabhálann Soláthraí Comhordúcháin. Ní bheadh ach an t-aon chlár printíseachta ann i gcás gach gairme printíseachta agus próiseas bailíochtaithe amháin a dhéanfadh an **Soláthraí Comhordúcháin** (i gcomhar le comhlachtaí eile, b'fhéidir) nó an QQI (i gcomhar, b'fhéidir) ar iarratas ón Soláthraí Comhordúcháin nó Comhlacht Ainmnithe Dámhachtana (i gcomhar, b'fhéidir) i gcás inar Soláthraí Nasctha é an Soláthraí Comhordúcháin.

## 3.4 Céim cheadú na gairme

Tá cinnte ag an Stát nach mór do ghairmeacha beartaithe nua ceadú foirmiúil Stáit a iarraidh. De dhroim riachtanais, is gá foireann chun an ceadú sin a thabhairt. Is féidir **Túsghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais** a thabhairt ar na foirne seo.

## 3.5 Rochtain ar bhailíochtú an QQI

Soláthraí Comhordúcháin nach féidir leis dámhachtainí a dhéanamh a aithnítear laistigh den chreat, ní mór dóibh iarratas a dhéanamh chuig an QQI ar bhailíochtú an chláir nó, más Soláthraí Nasctha é, chuig an gComhlacht Ainmnithe Dámhachtana.

Ní mór réamhriachtanais áirithe a bheith i bhfeidhm sular féidir le soláthraí iarratas ar bhailíochtú a dhéanamh chuig an QQI. Tá siad seo leagtha amach in *"Beartas agus Critéir maidir le Rochtain Soláthraithe ar Bhailíochtú Tosaigh i gcás Clár as a Leanann Dámhachtainí an QQI"*[6] agus gheofar sonraí breise ar shuíomh gréasáin an QQI. Ceann de na riachtanais le haghaidh rochtana is ea nósanna imeachta DC a bheith bunaithe agus áirítear ar na treoirlínte infheidhme na Buntreoirlínte DC agus na Treoirlínte DC um Chláir Phrintíseachta (mar atá leagtha amach sa doiciméad seo).

6 http://www.qqi.ie/Publications/Initial_Validation_policy_7_10_13.pdf

## 3.6 Eagar ranna na dtreoirlínte

Tá na treoirlínte thíos eagraithe sna ranna ginearálta seo a leanas:

3.7 Treoirlínte do chéim forbartha an chláir réamhbhailíochtaithe

- 3.7.1 Na struchtúir eagraíochtúla is gá chun moladh le haghaidh bailíochtú a dhéanamh
- 3.7.2 Sula gceaptar an soláthraí comhordúcháin
- 3.7.3 Ról oibríochtúil an tsoláthraí chomhordúcháin
- 3.7.4 Measúnú teicniúil agus margaidh
- 3.7.5 An phróifíl ghairme agus a cur chun feidhme
- 3.7.6 Bord cláir a bhunú
- 3.7.7 Próiseas córasach comhairliúcháin
- 3.7.8 Cur chuige córas i leith forbairt cláir
- 3.7.9 Dearadh cláir chun scothoiliúint ar an láthair oibre a chinntiú
- 3.7.10 Cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna i gcéimeanna lasmuigh den láthair oibre
- 3.7.11 Cosáin forchéimniúcháin
- 3.7.12 Íomhá bhranda, gairm, agus ainmniú na dámhachtana

CUID 4: TREOIRLÍNTE DO CHÉIM OIBRÍOCHTÚIL AN CHLÁIR

4.1 Meabhrán comhaontaithe agus meabhrán tuisceana gairme

4.2 Soláthar clár

- 4.2.1 Forbairt agus ceadú clár
- 4.2.2 Earcú, forchéimniú agus aitheantas do phrintísigh
- 4.2.3 Monatóireacht agus athbhreithniú ar chláir
- 4.2.4 An fhoireann
- 4.2.5 Teagasc agus foghlaim

4.3 Measúnú ar ghnóthachtáil printíseach

- 4.3.1 Tuairimí ginearálta
- 4.3.2 Measúnú ar an láthair oibre
- 4.3.3 Measúnú lasmuigh den láthair oibre
- 4.3.4 Measúnú deiridh na hinniúlachta
- 4.3.5 An measúnú a mheasúnú

4.4 Cáilíocht i gcláir phrintíseachta a bhainistiú agus a choimeád

- 4.4.1 Timpeallacht cháilíochta a chur ar fáil
- 4.4.2 Bainistíocht straitéiseach ar cháilíocht – rud a chinntíonn ábharthacht leanúnach agus méadú ar cháilíocht
- 4.4.3 Oibriú an chláir – cáilíochta chur chun feidhme i dtimpeallacht dhinimiciúil
- 4.4.4 Bainistíocht an chláir ó lá go lá

4.5 Athbhreithniú tréimhsiúil ar an ngairm, ar an gcuibhreannas agus ar an gclár

- 4.5.1 Cuspóirí na n-athbhreithnithe tréimhsiúla
- 4.5.2 Athbhreithniú ar an bpróifíl ghairme
- 4.5.3 Comhpháirtíochtaí a athbhreithniú
- 4.5.4 An clár a athbhreithniú
- 4.5.5 An clár a athbhreithniú

CUID 5: TACAÍOCHT DO PHRINTÍSIGH

- 5.1 Ceisteanna ginearálta
- 5.2 Dualgas cúraim i gcás printíseach óg
- 5.3 Comhtháthú le hinstitiúidí lasmuigh den láthair oibre
- 5.4 Déileáil le freagrachtaí iomaíocha
- 5.5 Riachtanais speisialta oideachais agus oiliúna nó míchumas
- 5.6 Gearáin

CUID 6: SOLÁTHAR FAISNÉISE

- 6.1 Faisnéis agus sonraí bainistíochta
- 6.2 Faisnéis phoiblí

## 3.7 Treoirlínte do chéim forbartha an chláir réamhbhailíochtaithe

Díreofar sa roinn seo ar cháilíocht a bhainistiú i bpróiseas forbartha an chláir, lena n-áirítear freagrachtaí na gcomhpháirtithe éagsúla, struchtúr an chláir bheartaithe a fhorbairt, an próiseas measúnaithe, agus próiseas achomhairc agus na rialacha agus critéir maidir le rochtain, aistriú agus forchéimniú agus chun printísigh a chur amach as an gcúrsa ó thús deireadh na printíseachta. Áirítear air caidreamh iomlánaíoch riaracháin agus bainisteoireachta a chothú idir geallsealbhóirí ó thús deireadh an chláir.

Tabharfar treoir sa roinn seo ar róil chriticiúla an tSoláthraí Chomhordúcháin, fostóirí agus soláthraithe eile.

### 3.7.1 Na struchtúir eagraíochtúla is gá chun moladh le haghaidh bailíochtú a dhéanamh

De bharr nádúr agus castacht an chaidrimh idir na comhpháirtithe príomhúla i múnlú printíseachta, ní mór do sholáthraí amháin gníomhú mar Sholáthraí Comhordúcháin i leith an chláir mholta. Beidh ról ag an Soláthraí Comhordúcháin i dtaca le hidirchaidreamh le fostóir agus soláthraithe eile, mar is cuí.

Roimh nó tar éis do na húdaráis Stáit ceadú a eisiúint le haghaidh gairm nua, ba chóir don **Túsghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais** an t-aonán a bheidh ina Sholáthraí Comhordúcháin a aithint.

Féadfaidh an Grúpa Stiúrtha Tosaigh Cuibhreannais aonán nua a bhunú chun bheith ina Sholáthraí Comhordúcháin. Nó d'fhéadfadh sé **soláthraí ábhartha nó nasctha** atá ann anois a cheapadh mar Sholáthraí Comhordúcháin. Níor mhór don soláthraí iarratas a dhéanamh chuig an QQI nó chuig an gComhlacht Ainmnithe Dámhachtana ar bhailíochtú mura féidir leis an dámhachtain phrintíseachta riachtanach ar an CNC a dhéanamh (féach roinn 3.5).

### 3.7.2 Sula gceaptar an Soláthraí Comhordúcháin

Ba chóir smaoineamh ar ról an tSoláthraí Chomhordúcháin agus ar an gcaidreamh idir é agus na comhpháirtithe.

*a)* Ba chóir don Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go mbíonn tacaíocht ghinearálta ann ó na fostóirí dá n-ionadaíonn siad don Soláthraí Comhordúcháin a roghnaítear.

*b)* Ba chóir don Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go bhfuil tuiscint ag na fostóirí i dtrácht ar ról fhorbairt an chláir agus ar ról bhailíochtú an chláir an tSoláthraí Chomhordúcháin.

*c)* Ba chóir don Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go bhfuil tuiscint ag na fostóirí i dtrácht ar ról an tSoláthraí Comhordúcháin i mbainistíocht sheachadadh an chláir agus go háirithe ar a ról foirmiúil agus ar a fhreagrachtaí DC i dtaca leis an QQI.

### 3.7.3 Ról oibríochtúil an tsoláthraí chomhordúcháin

Tar éis a cheapadh, seo mar a dhéanfaidh an Soláthraí Comhordúcháin:

*a)* Gabhfaidh sé air féin cúram as togra cláir a fhorbairt, a chuirfear ar aghaidh lena bhailíochtú.

*b)* Bunófar Bord Cláir, ar a mbeidh ionadaithe fostóirí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna, chun comhairle a thabhairt ar an togra cláir agus ar oibriú an chláir.

*c)* Cinnteoidh sé go bhfuil an clár printíseachta ag teacht le, agus ag dul ar aghaidh le, riachtanais na gairme; faoi cheannas an fhiontair, agus ag comhlíonadh riachtanais an mhargaidh shaothair. D'fhéadfaí an méid sin agus an méid seo a leanas a chomhlíonadh trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais a mbeidh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach go foirmiúil leis.

*i)* Cinnteoidh sé go mbíonn dóthain comhairliúcháin ann le geallsealbhóirí i bhforbairt an chláir (féach thíos).

*ii)* Cinnteofar go bhfuil córais ann a chinntíonn go mbíonn tionchar ag treochtaí i measc fostóirí agus treochtaí an mhargaidh shaothair ar fhorbairt curaclaim, agus go ndéantar soláthar d’fhorbairt phearsanta foghlaimeoirí agus chun iad a ullmhú le haghaidh forchéimniú.

*iii)* Cinnteofar go bhforbrófar meabhráin chomhaontaithe nó meabhráin tuisceana ceangailteachta i gcomhairle agus i gcomhaontú le fostóirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar nós comhlachtaí gairmiúla, ina ngeallann gach páirtí na comhaontuithe a chur chun feidhme.

*d)* Forbrófar ionstraimí measúnaithe a thacóidh go leordhóthanach le deimhniú ghnóthú na dtorthaí foghlama, a úsáideann córais chuí grádaithe, agus gach meicníocht achomhairc is gá. Ba chóir go gcuimseofaí céimeanna measúnaithe ar an láthair oibre agus lasmuigh den láthair oibre araon sna córais mheasúnaithe.

*e)* Déanfar iarratas ar bhailíochtú chuig an gcomhlacht dámhachtana (nó bailíochtófar an clár má tá an t-údarás dámhachtana cuí aige).

*f)* Forbrófar na córais riaracháin is gá chun bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar sholáthar an chláir, lena n-áirítear dul chun cinn na bprintíseach a rianú agus a bhainistiú.

*g)* Bainisteofar an clár le linn na seachadta oibríochtúla.

*h)* Déanfar córais a fhorbairt agus a chothabháil le haghaidh rochtana (i gcomhar le fostóirí printíseach), aistriú, forchéimniú agus cur amach rannpháirtithe, lena n-áirítear gach próiseas achomhairc.

*i)* Déanfar comhordú ar ghníomhaíochtaí soláthraithe oideachais agus oiliúna, atá bainteach le forbairt curaclaim agus le soláthar an chláir.

*j)* Déanfar comhordú le fostóirí le cinntiú (i) go gcuirtear san áireamh agus printísigh á n-earcú na riachtanais eolais, scile agus inniúlachta chun seans réasúnta a bheith acu go gcríochnóidh siad an clár agus (ii) oiliúint éifeachtach printíseach laistigh den áit oibre chun torthaí foghlama an chláir a shroicheadh.

*k)* I gcás gairm rialaithe (cibé faoin dlí nó i ndáiríre) téann an Soláthraí Comhordúcháin i gcomhairle le rialálaithe le cinntiú go mbíonn na critéir le haghaidh rochtana ar an bprintíseacht agus an clár printíseachta féin ag teacht leis an rialachán infheidhme.

*l)* Aontófar agus cuirfear chun feidhme córas d’fhostóirí chun cumas oiliúna fostóirí a mheas agus a athbhreithniú agus chun aon bhearnaí sa chumas sin a líonadh. D’fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais a mbeidh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach go foirmiúil leis.

*m)* Cinnteofar go bhféachfar go cuí, in aon leathnú ar an gcuibhreannas, trí sholáthraithe nó fostóir breise a chur leis, d'aon ghnóthaí ábhartha maidir le dearbhú cáilíochta.

*n)* Forbrófar córas cáilíochta chun nuashonruithe agus feabhsúcháin churaclaim agus meastóireachta a bhainistiú, ionas go gcinnteofar go gcoimeádfar carachtar náisiúnta an churaclaim agus go gcuireann gach soláthraí comhoibríoch an curaclam ceadaithe chun feidhme, de réir an chláir uathúil bhailíochtaithe don phrintíseacht.

### 3.7.4 Measúnú teicniúil agus margaidh

Tá sé riachtanach go mbeadh an clár printíseachta faoi threoir riachtanais na gairme, anois agus feasta. Chuige sin, ní mór aitheantas a bhunú do riachtanais fostóirí trí anailís chomhsheasmhach chríochnúil a dhéanamh ar an margadh (féach Aguisín 2, mar shampla) mura bhfuil sé sin bunaithe cheana féin go leordhóthanach i gCéim 1.

Ba chóir díriú ar earnálacha ginearálta fiontair a shainaithint, a bheidh ábhartha maidir leis an ngairm nua trí:

*a)* Próiseas dian córasach chun na hearnálacha fiontair a bhféadfadh cosán nua oiliúna printíseachta a bheith de dhíth orthu, nó a thacódh lena leithéid de chosán, nó gairm nua, más gá, a shainaithint a shoiléire is féidir. Ba chóir go n-aithneofaí ar an tslí sin dáileadh náisiúnta na bhfostóirí féideartha. Cinnteofar leis seo go ndéanfaidh an clár atá i mbun forbartha ionadaíocht ar riachtanais fhostóirí na tíre go fírinneach.

*b)* Ba chóir próiseas den chineál céanna a chur i gcrích chun soláthraithe lasmuigh den láthair oibre a shainaithint, soláthraithe a bheidh mar chomhpháirtithe san fhorbairt.

### 3.7.5 An phróifíl ghairme agus a cur chun feidhme

Is cuid é an **Phróifíl Ghairme** den dúshraith ar a bhfuil an clár tógtha. Ba chóir é a cheadú ag **Céim 1**.

Meastar go ndéanfar cur síos sa Phróifíl Ghairme ar na scileanna, an eolas agus na hinniúlachtaí is gá a bheith ag duine chun an ghairm sin a chleachtadh go huathrialach.

Ba chóir don ghnáthléitheoir eolach a léann an Phróifíl Ghairme, mar shampla bainisteoir acmhainní daonna, tuiscint a fháil ar dhoimhneacht agus ar raon na scile, an eolais agus na hinniúlachta sonraithe.

Ba chóir ag tús na forbartha cláir na **torthaí foghlama ceaptha printíseachta** a bhunú, torthaí atá ag teacht leis an bPróifíl Ghairme. Ba chóir iad siúd a bheachtú tuilleadh i bhfianaise Thuairisceoirí Cineál Dámhachtana Gairmiúla an QQI agus an leibhéal is oiriúnaí den CNC a shainaithint ag an bpointe sin. Is dea-chleachtas é dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ag an gcéim seo maidir le torthaí foghlama ceaptha an chláir sula ndéantar an clár a fhorbairt.

Tar éis torthaí foghlama ceaptha an chláir a bhunú, is féidir an clár a fhorbairt chun foghlaimeoirí a chumasú leis na torthaí sin a bhaint amach.

### 3.7.6 Bord Cláir a bhunú

Ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin **Bord Cláir** a bhunú.

*a)* Nuair a bhíonn tuiscint ann ar an deighleog mhargaidh, ba chóir próiseas córasach a úsáid le cinntiú go mbeidh Bord an Chláir ionadaíoch ann ar a mbeidh ionadaithe a thuigfidh riachtanais theicniúla an chláir, an fhostaíocht ionchasach agus na toisí oideachais agus oiliúna. Ba chóir na scileanna a bheidh riachtanach chun forbairt an chláir phrintíseachta a stiúradh a bheith ag Bord an Chláir. Mar shampla, is féidir go mbeidh na baill ina bhfostóirí ionchasacha printíseach, nó cleachtóirí sa ghairm chéanna, soláthraithe seirbhísí oideachais agus oiliúna cumainn ghairme, ceardchumainn, rialálaithe gairme agus anailíseoirí margaidh shaothair agus mar sin de. D'fhéadfaí cuidiú le gnéithe áirithe d'obair Bhoird an Chláir trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais a mbeidh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach go foirmiúil leis.

*b)* Ba chóir daoine atá ionadaíoch d'fhostóirí agus do sholáthraithe lasmuigh den láthair oibre a bheith ar Bhord an Chláir i gcónaí agus ba chóir go gcinnteofaí trína rialachas, bunreacht agus oibriú cur chuige forbartha faoi threoir fostóirí.

*c)* Ba chóir córas a bheith ann chun plé, cinntí agus torthaí bhreithniú Bhord an Chláir a thaifeadadh agus córas chun iad a scaipeadh go tráthúil ar gheallsealbhóirí, más cuí.

### 3.7.7 Próiseas córasach comhairliúcháin

Ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin próiseas cáilíochta a bhunú le cinntiú go dtéann baill Bhord an Chláir i gcomhairle le geallsealbhóirí ionadacha agus go gcuireann siad comhairle orthu, de réir mar a dhéantar torthaí foghlama ceaptha an chláir phrintíseachta agus struchtúr an chláir a bheachtú i bhfianaise na Próifíle Gairme a ceadaíodh ag Céim 1. D'fhéadfaí an méid sin agus an méid seo a leanas a chomhlíonadh trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais, a mbeadh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach go foirmiúil leis.

Seo na nithe ar chóir do Bhord an Chláir a dhéanamh:

*a)* Úsáid a bhaint as na córais atá ar fáil cheana le haghaidh taighde margaidh lena n-áirítear foilseacháin de chuid comhlachtaí réamhaisnéise daonchumhachta.

*b)* Próiseas a bhunú trína mínítear an bhaint idir an clár printíseachta agus cláir oiliúna eile chomhchosúla, ionas gur féidir comhthéacs a thabhairt don chlár printíseachta. Ba chóir díriú go háirithe ar chláir phrintíseachta eile a aithint, a d'fhéadfadh cáilíochtaí a chur ar fáil don chlár, nó gníomhú mar fhothaire don chlár, nó a d'fhéadfadh leas a bhaint as iontráil isteach sa chlár nua le seasamh ardstádais, ag foghlaim scil, eolas nó inniúlacht bhreise.

*c)* Ag féachaint do shainphribhléidí na Comhairle Printíseachta agus comhlachtaí maoiniúcháin, córas a bhunú chun meabhráin cheangailteacha comhaontaithe a fhorbairt le fostóirí, soláthraithe

oideachais agus oiliúna agus le daoine eile atá bainteach leis an gclár a shíneann chomh fada le fostóirí breise nó soláthraithe breise oideachais agus oiliúna a bheidh rannpháirteach ann.

*d)* Córas a bhunú le cinntiú go gcuirtear gníomhaireachtaí maoiniúcháin agus comhlachtaí stáit cuí eile ar an eolas agus go ndéantar comhairliúchán de réir mar is gá.

Tar éis an clár a bhailíochtú, athróidh feidhmeanna **bhord an chláir** (féach roinn 4) agus seans gur gá a bhallraíocht a choigeartú dá réir.

### 3.7.8 Cur chuige córasach i leith forbairt cláir

Ba chóir do Bhord an Chláir cur chuige córasach a ghlacadh i leith togra don chlár printíseachta a fhorbairt, lena n-áirítear:

*a)* **Torthaí foghlama ceaptha an chláir phrintíseachta** agus leibhéal molta na dámhachtana deiridh ar an CNC a shonrú, i bhfianaise na Próifíle Gairme.

*b)* An t-éileamh a mheas, lena n-áirítear anailís réigiúnach.

*c)* Róil agus freagrachtaí agus an caidreamh idir na comhpháirtithe atá bainteach leis an gclár a shainaithint.

*d)* An clár a dhearadh ar mhaithe le héifeachtúlacht struchtúrach agus eagraíochtúil. Áirítear air seo caighdeáin iontrála, socruithe scaoilte bloic agus/nó lae le haghaidh oiliúna lasmuigh den láthair oibre, socruithe measúnaithe, teicnící foghlama solúbtha agus scaipthe agus gach saincheist oibríochtúil agus bainistíochta.

*e)* Córas cumarsáide a fhorbairt le fostóirí printíseach agus soláthraithe comhoibríocha, lena n-áirítear próisis chun nuashonrú fíorama a thabhairt dá chéile maidir le dul chun cinn an phrintísigh.

*f)* Aird a dhíriú ar a éifeachtúla atá na costais mheasta oibríochtúla. Mar shampla, d'fhéadfadh dearadh chéimeanna an scaoilte ón obair a bheith ag teacht le timthrialla gnó fostóirí, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as oiliúint scile ó fhostóirí, agus d'fhéadfaí costais chaipitil agus oibríochtúla na hoiliúna lasmuigh den láthair oibre a laghdú trí oiliúint scile ó na soláthraithe oideachais agus oiliúna a laghdú, agus is féidir go mbeadh tionchar mór ag optamú méideanna grúpaí ar chostais oibríochtúla. Is féidir tionchar mór a bheith ag aird ar éifeachtúlacht ag céim an dearaidh ar chostais an tsoláthair.

### 3.7.9 Dearadh cláir chun scothoiliúint ar an láthair oibre a chinntiú

Le linn fhorbairt an chláir, ní mór aird ar leith a thabhairt ar fhorbairt na nósanna imeachta DC i dtaca leis an oiliúint laistigh den fhostaíocht. Déanfar formhór mhúnlú an phrintísigh faoi stiúir an fhostóra agus tá fíorthábhacht le ról an fhostóra mar oiliúnóir i dtaca le barr feabhais an chéimí ar chlár phrintíseachta.

Mar sin, ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin córais cháilíochta a fhorbairt ar son na bhfeidhmeanna seo a leanas. Ba chóir go soiléireofaí trí na córais seo an caidreamh idir an Soláthraí Comhordúcháin agus an rialálaí reachtúil:

*a)* Cur chuige córas a bhunú i leith fostóirí ceadaithe agus cláraithe a bheith bainteach le cláir phrintíseachta a sheachadadh. D'fhéadfaí an méid sin agus an méid seo a leanas a chomhlíonadh trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais a mbeadh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige a bheith bainteach go foirmiúil leis.

*b)* Dul i gcomhar leis an rialálaí reachtúil le cinntiú go sásaíonn na fostóirí atá ceadaithe ag an rialálaí na riachtanais maidir le dearbhú cáilíochta.

*c)* A chinntiú gur leor raon gnó an fhostóra chun treoir a thabhairt don phrintíseach i raon dóthanach scileanna, eolais agus inniúlachtaí, chun **torthaí foghlama ceaptha an cháir phrintíseachta** a shásamh (féach h).

*d)* A chinntiú go bhfuil dóthain ball foirne fostaithe ag an bhfostóir, baill foirne atá in ann an oiliúint is gá a sholáthar chun cabhrú le foghlaimeoirí nó iad a chumasú chun torthaí foghlama ceaptha an chláir a bhaint amach.

*e)* A chinntiú go bhfuil struchtúr ainmnithe meantóireachta agus tacúil i bhfeidhm ag an bhfostóir ina bhfuil dóthain ball foirne ata inniúil ar threoir agus tacaíocht a sholáthar don phrintíseach ó thús deireadh na hoiliúna.

*f)* A chinntiú go bhfuil struchtúr bainistíochta agus riaracháin printíseachta i bhfeidhm ag an bhfostóir atá inniúil ar nascadh le sonraí débhealaí agus iad a mhalartú go pras le soláthraithe lasmuigh den láthair oibre, mar is gá le haghaidh múnlú iomlánaíoch an phrintísigh.

*g)* Ba chóir go n-áireofaí sa chur chuige córasach seo comhar leis an rialálaí reachtúil chun athbhreithniú a dhéanamh, ag eatraimh oiriúnacha, ar chumas an fhostóra chun leanúint ar aghaidh mar oiliúnaí ar iarratas an fhostóra féin nó bunaithe ar fhianaise staitistiúil, nó tuairiscí ó phrintísigh, nó tuairiscí ó sholáthraithe oiliúna lasmuigh den láthair oibre maidir le feidhmíocht printíseach ón bhfostóir sin.

*h)* Comhoibriú leis an údarás rialála le cinntiú nach gceadaítear níos mó d'fhostóirí nach bhfuil in ann soláthar cáilíochta a chur ar fáil printísigh a fhostú.

*i)* Nuair is gá, ba chóir nósanna imeachta agus critéir a fhorbairt chun córas éigin oiliúna comhoibrithí a bhunú mar a ndéanfaí oiliúint printíseach a chomhroinnt idir ghrúpa fostóirí, ionas go bhféadfadh fostóirí a bhfuil teorainn lena raon teicniúil printísigh a fhostú, agus oiliúint iomlánaíoch na bprintíseach sin a chinntiú trí iad a shocrú ar feadh tréimhsí le fostóirí eile.

*j)* D'fhéadfaí smaoineamh ar chritéir a chur chun feidhme mar a ndéanfaí cuid d'oiliúint ar an láthair oibre printísigh thar lear, agus an tslí ina bhféadfadh cáilíocht na hoiliúna sin a dhearbhú. Is féidir go gcuirfeadh fostóirí ilnáisiúnta spéis san fhoráil seo. D'fhéadfadh an Soláthraí Comhordúcháin agus Clár an Bhoird léargas a bhaint as doiciméad treorach an QQI, mar atá Beartas um Chláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí[7], cé nár scríobhadh é go sonrach le haghaidh cláir phrintíseachta. D'fhéadfadh na hionstraimí Eorpacha um charnadh agus aistriú creidiúintí (ECTS agus ECVET) a bheith úsáideach, leis.

*k)* Ba chóir smaoineamh ar phróisis chun déileáil le cur isteach ar oiliúint printísigh, de bharr laghdú ar ghnó nó cliseadh ghnó an fhostóra.

### 3.7.10 Cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna i gcéimeanna lasmuigh den láthair oibre

Is dóchúla ná a mhalairt go bhfaighfear mórchuid den teoiric agus den eolas suímh atá riachtanach d'fhoghlaim an phrintísigh le linn tréimhsí a chaitheann an printíseach leis an soláthraí lasmuigh den láthair oibre. Ní mór an fhoghlaim sin a chomhtháthú leis an bhfoghlaim ar an láthair oibre i gcaidreamh a thacóidh go frithpháirteach leis an dá thaobh chun an fhoghlaim a athneartú agus a leathnú. Ba chóir na tréimhsí lasmuigh den láthair oibre a dhearadh sa tslí gur féidir leis an bprintíseach tréimhse piarmhachnaimh agus foghlama a chaitheamh i bhfochair a phiaraí, ag déanamh comparáid idir cineálacha éagsúla cur chuige i leith na foghlama i measc fostóirí éagsúla agus ag foghlaim fúthu. Tá sé thar a bheith tábhachtach i gcás printíseach nuair is beag líon printíseach an fhostóra. Táscaire tábhachtach cáilíochta is ea cumarsáid rialta agus malartú faisnéise idir soláthraithe éagsúla lasmuigh den láthair oibre agus idir soláthraithe agus fostóirí comhoibríocha.

Mar sin, ba chóir do sholáthraithe lasmuigh den láthair oibre atá bainteach leis an gclár córais cháilíochta a bhunú chun:

*a)* Béim a chur ar na difríochtaí idir chórais cháilíochta atá anois ann agus iad siúd atá oiriúnach do phrintíseachtaí agus díriú ar na bearnaí trí nósanna imeachta DC breise a bhunú, le ceadú an QQI, nuair is gá.

*b)* A chinntiú go bhfuil an fhoireann (agus go leanfaidh siad de bheith) lánchumasach chun an t-oideachas agus an oiliúint is gá a thabhairt chun torthaí foghlama ceaptha an chláir a shásamh. Ba chóir go luafaí go sainráite sa chlár féin na cáilíochtaí agus an taithí is gá a bheith ag an bhfoireann a bheidh freagrach as oideachas agus oiliúint sa chlár printíseachta.

*c)* A chinntiú go bhfuil córais cháilíochta ann chun caidreamh éifeachtach a choimeád idir fostóirí rannpháirteacha agus na soláthraithe comhoibríocha lasmuigh den láthair oibre ó thaobh a ábhartha atá an curaclam, comhtháthú an mheasúnaithe, sonraí a chomhroinnt agus meantóireacht agus tacaíocht do na printísigh.

7 http://www.qqi.ie//Pages/Policy-for-Collaborative-Programmes,-Transnational-Programmes-and-Joint-Awards.aspx

*d)* A chinntiú gur féidir le córais bhainistíochta agus riaracháin déileáil go héifeachtach le riachtanais eagraíochtúla agus cumarsáide an chláir phrintíseachta.

### 3.7.11 Cosáin fhorchéimnithe

Agus an clár printíseachta á fhorbairt, ní mór aird ar leith a dhíriú ar chosáin fhorchéimnithe agus aistrithe. Is tréith riachtanach den chlár é a bheith suite laistigh de chnuasach na gclár CNC agus socruithe a bheith ann maidir le haistriú isteach agus amach as an gclár. Seo a leanas na nithe nár mhór a chur san áireamh:

*a)* Aistriú isteach sa chlár ó chláir ghaolmhara, as a leanann dámhachtainí ar leibhéil chomhchosúla nó níos airde den CNC, agus a mhéad a bhféadfadh aistriú féideartha ag céim chun cinn a bheith i gceist.

*b)* Forchéimniú isteach sa chlár ó chláir ghaolmhara as a leanann dámhachtainí ar leibhéil ní b'ísle den CNC.

*c)* Forchéimniú nó aistriú ón gclár isteach i gcláir ghaolmhara as a leanann dámhachtainí ar leibhéil chomhchosúla nó ní b'airde den CNC.

### 3.7.12 Íomhá bhranda, gairm, agus ainmniú na dámhachtana

Tugadh le fios i dtuarascáil an Athbhreithnithe ar Phrintíseachtaí (Nollaig 2013) nach mór do phrintíseachtaí tréimhse foghlama atá struchtúrtha agus coimeádta ar siúl go foirmiúil a thairiscint, trína n-ullmhaítear an foghlaimeoir do ghairm inbhuanaithe agus buan (lch 93). Idirdhealaíonn sé sin printíseachtaí ó oiliúint laistigh de chomhlacht agus ó chláir ghinearálaithe oideachais.

Ba chóir don phrintíseach a bheith in ann dul i mbun oibre go neamhspleách sa ghairm ag deireadh na hoiliúna sin.

Is iarmhairt amháin é gur chóir íomhá bhranda chobhsaí fhadtéarmach a bheith ag an ngairm in aigne an phobail agus in aigne fostóirí. Samplaí de ghairmeacha atá ann anois a shásaíonn an critéar seo is ea Leictreoir, Pluiméir, Cuntasóir, Altra srl. Tá sainroghanna fostaíochta ag gabháil le gach ceann de na gairmeacha seo ach tá tuiscint ag an bpobal orthu mar ghairm ghinearálta ó thaobh íomhá bhranda.

Tá nithe áirithe a chabhraíonn chun tuiscint an phobail agus cobhsaíocht a bhunú do ghairmeacha printíseachta. Orthu sin tá teidil ghairme a úsáid (teidil a mhíníonn a bhfuil i gceist, atá cobhsaí agus a dhéanann cur síos ar an ngairm ghinearálta) chomh maith le cobhsaíocht ó thaobh earcaíochta agus fostaíochta sa ghairm roghnaithe. Ní chuireann sé sin teorainn le solúbthacht ná le forbairt na gairme de réir mar a athraíonn an timpeallacht sheachtrach le himeacht ama.

Sa mhéid seo, ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin, agus iarratas á dhéanamh ar bhailíochtú (nó an clár á bhailíochtú), a chinntiú go gcuireann ainm an chláir agus an dámhachtain a ghabhann leis íomhá bhranda chobhsaí fhadtéarmach chun cinn maidir leis an ngairm.

# 4 TREOIRLÍNTE: CÉIM OIBRÍOCHTÚIL AN CHLÁIR

## 4.1 Meabhrán comhaontaithe agus meabhrán tuisceana gairme

Beidh comhaontú ceangailteach idir páirtithe an chuibhreannais de dhíth i gcás aon chomhoibrithe rathúil idir cuibhreannas fostóirí agus soláthraithe chun clár printíseachta a sholáthar.

Tá freagrachtaí níos leithne ar Sholáthraí Comhordúcháin ná bainistíocht agus seachadadh laethúil cláir de bhrí nach mór a chinntiú, leis, go gcuirtear san áireamh i gcónaí sa chlár riachtanais athraitheacha na gairme agus na bhfostóirí ann, le cinntiú go mbíonn sé ábhartha i gcónaí agus go mbíonn clúdach náisiúnta aige. D'fhéadfaí an mhonatóireacht a chur i gcrích, mar shampla, trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais foirmiúil, a mbeidh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach leis.

Áirítear in Aguisín 1 Meabhrán Comhaontaithe samplach. Is féidir go molfadh údaráis mhaoiniúcháin agus rialála teimpléad le haghaidh Meabhrán Comhaontaithe.

Is é cuspóir Mheabhrán Comhaontaithe a chumasú do chomhpháirtithe an chuibhreannais dul i mbun oibre le chéile chun an clár printíseachta a fhorbairt, bhainistiú, agus a chur ar fáil. Chuige sin, ní mór don Mheabhrán Comhaontaithe:

- Freagrachtaí faoi seach na gcomhpháirtithe a bhunú mar aon leis an údarás chun na freagrachtaí sin a chur i gcrích.
- Ballraíocht Bhord bainistíochta an Chláir a ainmniú, mar aon lena théarmaí tagartha, struchtúr agus socruithe tuairiscithe.
- Cearta a liostú i gcás athbhreithniú leanúnach ar thaithí oiliúna agus oibre agus rochtain ar thaifid ábhartha printísigh.
- Cur síos a dhéanamh ar na próisis trínar féidir baill nua den chuibhreannas a aontú.
- Breac síos na próisis thréimhsiúla athbhreithnithe agus an rochtain a bheidh riachtanach chun na próisis sin a chur i gcrích.

Le hais an chomhaontaithe fhoirmiúil, beidh sé riachtanach meabhrán tuisceana a bheith ann idir an Soláthraí Comhordúcháin agus soláthraithe aonair comhoibríocha. Ba chóir go mbeadh na nithe seo sna meabhráin:

- Gnáthlínte cumarsáide a bhunú idir an Soláthraí Comhordúcháin, an soláthraí oiliúna agus an fostóir, agus na sonraí teagmhála san áireamh.
- Prótacail a bhunú maidir le malartú faisnéise agus tuairiscí.
- Prótacail a bhunú maidir le maoirsiú seachtrach ar oibríochtaí an tsoláthraithe.
- Meicníocht a sholáthar trínar féidir deacrachtaí leis an gclár nó deacrachtaí idir soláthraithe a réiteach.

## 4.2 Soláthar clár

Tá feidhm ag Treoirlínte Reachtúla an QQI le haghaidh Dearbhú Cáilíochta maidir le nósanna imeachta soláthraithe trína gcuirfear cláir phrintíseachta ar fáil.

### 4.2.1 Forbairt agus ceadú clár

Tá dhá chuspóir ginearálta ag cláir. Ba chóir dóibh a chinntiú go mbeidh an printíseach cáilithe in ann, ag deireadh an chláir, raon iomlán na ngníomhaíochtaí agus freagrachtaí atá luaite sa Phróifíl Ghairme a chur i gcrích. Ba chóir dóibh siúd a cháilíonn a bheith in ann leanúint dá bhfoghlaim de réir mar a athraíonn an ghairm le himeacht aimsire. Chuige sin is gá **torthaí foghlama ceaptha an chláir** a bhaint amach, lena n-áirítear an cumas dul i mbun foghlama go héifeachtach. Ba chóir a chinntiú i gcás beartais agus nósanna imeachta le haghaidh dearadh agus ceadú clár:

- go ndeartar iad le cuspóirí agus torthaí foriomlána cláir atá ailínithe le riachtanais an tionscail agus a gcuimsítear ann an raon scileanna, inniúlachtaí agus eolais;
- go bhfuil siad ailínithe le **Tuairisceoirí Cineáil Dámhachtana Gairmiúla** an QQI ar an gCreat Náisiúnta na gCáilíochtaí;
- go ndeartar iad i gcomhar idir an Soláthraí Comhordúcháin agus na fostóirí, i bhfoirm chomhpháirtíochta;
- go ndeartar iad le soláthar le haghaidh earcaíocht náisiúnta agus sreabhadh réidh printíseach idir fiontair agus institiúidí oideachais;
- go ndeartar iad ar mhaithe le ceadúnú gairmiúil agus rialála a éascú, más cuí;
- go ndeartar iad le gluaiseacht trasnáisiúnta laistigh de ghairm a éascú, más cuí;
- go ndeartar iad le haitheantas do dhá ról an phrintísigh mar fhostaí agus mar oiliúnaí;
- go n-áirítear iontu tréimhse struchtúrtha 'lasmuigh den láthair oibre' a iomlánaíonn agus a neartaíonn an taithí 'ar an láthair oibre'; agus
- go mbíonn raon iomlán na taithí foghlama i gceist leo chun forbairt bhreise ghairme an phrintísigh cháilithe a éascú.

### 4.2.2 Earcú, forchéimniú agus aitheantas do phrintísigh

Tá dhá chuspóir ag earcú printíseach. Fostaítear an printíseach chun dul i mbun oibre ar son an fhiontair. Ag an am céanna roghnaítear iad le haghaidh cláir oiliúna a dhéanfaidh a stádas gairme agus a gcosáin ghairme a shainiú, b'fhéidir. Ní mór a chinntiú, i bpróisis earcaíochta, gur dócha go bhfanfaidh an printíseach leis an bhfostóir le linn na hoiliúna, chun go mbeidh sé/sí oiriúnach don eagraíocht agus go bhfuil aige/aici an cumas agus an meon is gá don ghairm.

I gcás ina moltar fostaithe atá ann cheana, ar lú a bhfoghlaim roimh ré ná i gcás a bpiarghrúpa, lena gclárú, ba chóir aon bhearnaí foghlama a aithint agus tacaíocht chuí a thairiscint.

Le cois na treorach a sholáthraítear i mBuntreoirlíne an QQI do Dhearbhú Cáilíochta, ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i nósanna imeachta maidir le hiontráil, forchéimniú agus aitheantas:

- meicníochtaí le cinntiú go mbíonn an printíseach oiriúnach i gcónaí don chlár oiliúna agus don réimeas fostaíochta;
- meicníochtaí trína n-aithnítear cumas ar leith don ghairm a d'fhéadfadh easpa cáilíochtaí foirmiúla roimh ré a chúiteamh;
- cláir thacúla rochtana a sholáthar chun díriú ar easnamh áirithe scile nó inniúlachta mar a gcomhlíonann printísigh an riachtanas cáilitheachta ach go bhfuil cáilíochtaí ar gnách a bheith ag a ngrúpa in easnamh orthu;
- nósanna imeachta sóisialaithe chun stádas an phrintísigh laistigh den fhiontar agus i measc a bpiaraí sa phobal cleachta a bhunú;
- uirlisí chun printísigh a rianú de réir mar a théann siad tríd an gclár;
- nósanna imeachta cuí aitheantais lena n-áirítear aon teastasú gairme atá ceaptha le fostaíocht agus soghluaisteacht ghairme a éascú.

### 4.2.3 Monatóireacht agus athbhreithniú ar chláir

Cuirtear clár printíseachta ar fáil laistigh de na fiontair agus na gairmeacha dá n-ullmhaítear iad, agus na soláthraithe oideachais/oiliúna lasmuigh den láthair oibre araon. Ní mór a chinntiú i monatóireacht ar an gclár printíseachta go gceadaíonn na deiseanna foghlama don phrintíseach cuspóirí an chláir a bhaint amach sa dá láthair.

#### *4.2.3.1 Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar sheachadadh*

Sainghné amháin de chláir phrintíseachta is ea go mbíonn soláthraithe iolracha agus láithreacha iolracha i gceist iontu go minic. Chuige sin, is gá go mbeadh gach eilimint (m.sh. céim) ag luí leis an eilimint a thagann ina dhiaidh (céim). Chuige sin beidh próisis de dhíth le cinntiú go bhfuil an fhaisnéis iomlán ag gach soláthraí i dtaobh ghnóthachtálacha foghlama leanúnacha na bprintíseach. Comhpháirt thábhachtach eile sa mhéid seo is cion na n-oifigeach údaraithe a ghníomhaíonn thar ceann an rialálaí reachtúil.

Ba chóir go n-úsáidfí sa mhonatóireacht na naisc shaibhre idir cleachtais agus cláir le cinntiú go mbíonn siad oiriúnach don fheidhm i gcónaí. Le cois riachtanais ghinearálta an CQAG, ba chóir don mhonatóireacht:

- a chinntiú go gcomhlíonann taithí gach printísigh ar leith riachtanais an chláir trí mhonatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht bunaithe ar an obair agus ar an ngnóthachtáil chomhfhreagrach i dtreo spriocanna an chláir, í a thaifeadadh agus na taifid sin a bheith ar fáil do sholáthraithe dá éis;

- a chinntiú go mbíonn na heilimintí a chuirtear ar fáil ar an láthair oibre agus lasmuigh den láthair oibre comhionann, a mhéad is féidir–sheachnódh sin gníomhaíochtaí a bheith róscaipthe agus easpa fócais agus cáilíochta;
- a chinntiú nach gcuirtear rómhoill ar fhorchéimniú printíseach chuig eilimintí lasmuigh den láthair oibre;
- soláthar a dhéanamh le haghaidh athruithe ar theicnící agus ar theicneolaíochtaí de réir mar a thagann siad chun cinn;
- línte soiléire freagrachta a bhunú le haghaidh breathnú agus maoirseacht na bprintíseach (na bhfoghlaimeoirí); agus
- próisis shlána thráthúla aiseolais a chur ar fáil do phrintísigh, fostóirí agus soláthraithe.

Is é soláthraí na n-eilimintí 'ar an láthair oibre' (an fostóir) atá freagrach as treo, breathnú agus maoirseacht ar phrintísigh. Is é an soláthraí lasmuigh den láthair oibre atá freagrach as eilimintí oideachais agus oiliúna an chláir lasmuigh den láthair oibre. Is é an Soláthraí Comhordúcháin atá freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar an dá cheann seo. Ba chóir é sin a shonrú go foirmiúil sna moltaí maidir le bainistíocht an chláir agus ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin maoirseacht a dhéanamh orthu agus do Bhord an Chláir iad a mheas.

### *4.2.3.2 Díriú ar easnamh sa seachadadh*

Bíonn easnamh ar sholáthar taithí ar an láthair oibre nuair a bhíonn sraitheanna difriúla gníomhaíochtaí rialta ag fostóirí nach gclúdaíonn i gcónaí gach ceann de na heispéiris foghlama a éilíonn an clár. Is féidir é sin a sheachaint nó a íoslaghdú trí nósanna imeachta diana grinnfhiosrúcháin, i gcomhar leis an Soláthraí Comhordúcháin, nuair a théann fostóirí isteach sa chlár. I gcás ina bhfuil eilimintí den oiliúint nach gcuireann gnó an fhostóra ar fáil:

- Ba chóir socrú foirmiúil a dhéanamh le fostóir eile sula gcuirtear tús leis an bprintíseacht, chun an t-easnamh seo a chúiteamh.

Is amhlaidh, leis, gur féidir nach mbeidh eispéiris áirithe ar fáil ag an am cuí do phrintísigh aonair, i ngeall ar athruithe ar thosca an ghnó. Sa chás sin, ba chóir d'fhostóirí agus/nó do Sholáthraithe Comhordúcháin:

- taithí eile a mbeidh an toradh céanna air, a chur ina áit; nó
- socrú a dhéanamh le gur féidir leis an bprintíseach an taithí a fháil le fostóir oiriúnach eile; nó
- soláthar a dhéanamh le haghaidh solúbthacht dhóthanach sna heilimintí múinte chun cuid den easnamh sa taithí 'ar an láthair oibre' a chúiteamh i gcás printíseach ar leith.

#### *4.2.3.3 Díriú ar chur isteach ar an bprintíseacht*

Is féidir cur isteach a dhéanamh ar rannpháirtíocht printísigh i gclár printíseachta ar chúiseanna éagsúla. Áirítear orthu seo, i gcás ina dteipeann ar an gcaidreamh idir an printíseach agus fostóir; i gcás ina bhfuil gearán inchosanta ag printíseach nach leor an oiliúint atá á fáil aige/aici; i gcás nach mór do phrintíseach fostóir a fhágáil, ar chúiseanna pearsanta; nó ina dtagann printíseach chun bheith iomarcach. Sna cásanna sin, déanfaidh an rialtóir reachtúil, i gcomhar leis an Soláthraí Comhordúcháin, a lándícheall socrú malartach a dhéanamh ar son an phrintísigh. Ar na réitigh a d'fhéadfaí a cheapadh tá:

- an printíseach a lonnú le fostóir oiriúnach eile;
- taifead iomlán den fhoghlaim atá déanta aige/aici go dáta a sholáthar don phrintíseach;
- aistriú printíseach idir fostóirí a éascú agus a thacú, nuair is gá sin.

### 4.2.4 An fhoireann

#### *4.2.4.1 An líon foirne i bhfiontar an fhostóra*

Aithnítear nach é oiliúint a chur ar phrintíseach príomhchuspóir fiontair, ach is féidir leis a bheith ina chomhpháirt thábhachtach de phleanáil daonchumhachta straitéisí an fhostóra. Ach más mian le fiontar printísigh a oiliúint, ní mór soláthar éigin a dhéanamh chun go mbeidh dóthain ball foirne oiriúnach ann. Go háirithe, ní mór d'fhiontair rannpháirteacha, chun forálacha an rialálaí reachtúla agus bearta éifeachtacha um dhearbhú cáilíochta a chomhlíonadh, baill foirne a ainmniú chun na nithe seo a leanas:

- earcú agus treoshuíomh tosaigh printíseach a bhainistiú;
- dóthain saineolais agus údaráis ghairmiúil a bheith ar fáil chun meantóireacht a chur ar fáil do phrintísigh;
- oiliúint meantóireachta a chur ar fáil;
- gníomhú mar theagmhálaí leis soláthraithe lasmuigh den láthair oibre chun an clár a chur ar fáil;
- sraith aontaithe freagrachtaí a aontú maidir le printísigh;
- na scileanna cuí, nuair is cuí, chun dul chun cinn printíseach a mheasúnú agus gnóthachtáil torthaí foghlama a dheimhniú;
- le bheith mar theagmhálaí tuairiscithe ainmnithe don Soláthraí Comhordúcháin;
- smaoineamh ar chóimheasa tagarmhairc idir an t-oiliúnóir agus printísigh a bhunú.

#### *4.2.4.2 Líon foirne san institiúid oideachais/oiliúna*

Laistigh d'institiúidí oideachais, ba chóir go mbeadh na socruithe foirne ag teacht le riachtanais an CQAG. Le cois a ngnáthghníomhaíochtaí institiúide, ba chóir don fhoireann a shanntar do dhualgais oiliúna printíseach:

- deiseanna a fháil chun cleachtadh a fháil ar chleachtas gairmiúil agus a bheith ina gcleachtóirí cláraithe i gcónaí, más cuí.
- cur amach a bheith acu ar thaithí na bprintíseach 'ar an láthair oibre' agus a bheith in ann an taithí sin a chomhtháthú go gníomhach lena gcuid teagaisc;
- dul i mbun caidrimh le fostóirí agus printísigh.

### 4.2.5 Teagasc agus foghlaim

#### *4.2.5.1 Teagasc agus foghlaim - tacú leis a bhfoghlaimeoir aonair*

Le cois riachtanais CQAG, ba chóir a aithint gur féidir le printísigh a bheith ag gabháil trí sheicheamh aonair de thaithí foghlama bunús an ama, gan a bheith i gcomhluadar piaraí. Nuair is cuí, ba chóir d'fhostóirí féachaint chuige go gcuirtear meantóireacht ar fáil chun an t-easnamh i bpiarthacaíocht a chúiteamh. Ba chóir don Soláthraí Comhordúcháin agus don fhostóir na rudaí seo a leanas a chinntiú:

- go gcuirtear mioneolas ar fáil don phrintíseach ar sheicheamh na ngníomhaíochtaí foghlama;
- go gcuirtear tacaíocht aonair ar fáil don phrintíseach, go háirithe i luathchéimeanna an chláir;
- go gcuirtear treoir mhionsonraithe ar fáil don phrintíseach ar an tslí le gnóthachtáil foghlama a léiriú;
- ba chóir córais a fhorbairt le gur féidir le printísigh aiseolas a thabhairt agus a fháil ón soláthraí cuí ar an dul chun cinn atá déanta acu ina gcuid oiliúna.

#### *4.2.5.2 Teagasc agus foghlaim – pobal cleachtais a choimeád ann*

Is eilimint thábhachtach d'oiliúint an phrintísigh é an **pobal cleachtais** chun gairmí a mhúnlú i réimse ar bith. Beidh gnáthiompar piaraí ina thionchar mór ar fheidhmíocht printíseach. Le hais eolas teicniúil,

tugann an pobal cleachtais ar aghaidh na luachanna agus an cultúr a ghabhann le gairm. Is féidir leo gníomhú, leis, mar mheantóirí ainmnithe do phrintísigh. Baineann an pobal cleachtais ní amháin leis an bhfiontar ach lasmuigh de, leis, mar phobal aitheanta gairme. Ba chóir do sholáthraithe a bheith meabhrach go gcaithfear cáilíocht an phobail chleachtais a choimeád trí:

- chinntiú go n-aithnítear an printíseach mar bhall de phobal cleachtais;
- rochtain a thabhairt don phrintíseach ar a phiaraí/piaraí agus ar bhaill eile den phobal cleachtais san fhiontar;
- foghlaim neamhfhoirmiúil agus sóisialú a éascú idir bhaill den phobal;
- rochtain ar acmhainní ginearálta pobail agus foghlama gairmiúla a chinntiú;
- meantóireacht a sholáthar don phrintíseach ó chleachtóir cleachtach;
- luach a léiriú, sa láthair oibre, ar eispéireas na foghlama.

### *4.2.5.3 Teagasc agus foghlaim - cothromaíocht sa soláthar a chinntiú*

Beidh dhá láthair ar a laghad ag cláir phrintíseachta, mar atá fiontar agus soláthraí oideachais agus oiliúna lasmuigh den láthair oibre (institiúid oideachais/oiliúna, de ghnáth). De ghnáth beidh mórchuid fiontar agus mórchuid institiúidí oideachais/oiliúna i gceist. I gcás ina bhfuil struchtúr casta ag an soláthar cláir, is féidir go dtiocfadh fadhbanna coibhéise agus cothabhála cáilíochta chun cinn. Is féidir leis na fadhbanna seo a bheith sa soláthar féin, ag brath ar chumas athraitheacha na soláthraithe. Is féidir leo teacht chun cinn, leis, de bharr athruithe ar acmhainní nó ar na deiseanna atá ar fáil don phrintíseach. Is féidir tionchar a bheith ag éagsúlacht sa leibhéal inniúlachta nó gealltanais sa phiarghrúpa ar an taithí ‘ar an láthair oibre’, leis.

Mar chúiteamh air sin, ní mór don Soláthraí Comhordúcháin, i gcomhar leis an rialálaí reachtúil, a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun:

- na saoráidí i bhfiontair agus in institiúidí oideachais a sheiceáil;
- monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bprintíseach;
- aistriú printíseach chun taithí ar leith a éascú;
- tacú le hoiliúint na meantóirí sa láthair oibre;
- a chinntiú go bhfuil measúnú diagnóiseach ar fáil sula dtagann deireadh le céim ar leith den oiliúint – i gcás ina dteipeann ar phrintíseach na torthaí sa láthair oibre a bhaint amach, ba chóir é sin a chur in iúl dóibh, agus a mhéad is féidir, an deis a thabhairt dóibh chun an toradh sonraithe a bhaint amach;
- meicníochtaí a chur ar fáil trínar féidir le hoiliúnaithe agus meantóirí in eagraíochtaí difriúla taithí a mhalartú agus dea-chleachtas a fhorbairt agus a aithint;
- meabhráin comhaontuithe nó meabhráin tuisceana a bhunú le gach soláthraí comhoibríoch chun an méid thuas a éascú.

### *4.2.5.4 Teagasc agus foghlaim – an curaclam a choimeád ann*

Cuirtear cláir phrintíseachta ar fáil, de réir nádúir, laistigh de chomhthéacs na **spriocghairme**. Tarlaíonn athruithe gasta laistigh d'fhiontair, uaireanta, agus i gcónaí a thagann siad le hathruithe laistigh institiúidí acadúla. Is féidir gur athruithe móra sa mhargadh faoi ndear na hathruithe seo. Is féidir leo teacht chun cinn de bharr dul chun cinn sa teicneolaíocht, athrú ar theicnící agus dea-chleachtas. Is féidir le hathruithe eagraíochtúla difear a dhéanamh d'fhreagrachtaí gairmiúla i ngairm ar leith agus is féidir go mbeadh eolas, scil nó inniúlacht nua le gnóthú tar éis athruithe rialála. Is féidir go mbainfeadh na hathruithe seo le fiontar amháin go háirithe.

Is é nádúr na printíseachta, go mbíonn an printíseach cáilithe, ar chríochnú an chúrsa dó/di, chun gach ceann de ghníomhaíochtaí na gairme a chur i gcrích. Ba chóir é sin a bheith amhlaidh gan tuilleadh foghlama a bheith riachtanach. Ní mór dearadh agus bainistíocht an chláir a bheith solúbtha a dhóthain chun athruithe a dhéantar sa Phróifíl Ghairme a léiriú sa churaclam, más cuí. Ba chóir é sin a bhaint amach gan doiciméadú iomlán a athscríobh nó bailíochtú nua a bheith riachtanach. Chuige sin, beidh sé riachtanach:

- gan doiciméid an chláir (.i. an méid a cheadaítear sa bhailíochtú) a bheith ró-mhionsonraithe agus ró-fhorordaitheach, agus béim a chur ar thorthaí agus ar straitéis oideachais agus mheasúnaithe, seachas ar mhíniú mionsonraithe ar na hábhair foghlama;
- bíonn an chumhacht ag an bhfoireann cinneadh a dhéanamh faoin tslí is oiriúnaí chun na torthaí a bhaint amach agus an t-ábhar a éagsúlú dá réir;
- is féidir le measúnú agus scrúduithe athrú tar éis athbhreithniú ar an gcuraclam chun nuashonrú ar chleachtais oibre agus ar ábhar a léiriú;
- go bhfuil an inniúlacht nó an áis ag an Soláthraí Comhordúcháin nó ag Bord an Chláir chun monatóireacht a dhéanamh ar athruithe sa ghairm; d'fhéadfaí an méid sin a éascú trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais, a bhfuil na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach go foirmiúil leis.
- meicníochtaí a bheith curtha i bhfeidhm chun forbairtí nuálacha sa churaclam a scaipeadh;
- cruinnithe rialta a bheith ag Bord an Chláir chun nach mbeidh ró-éagsúlacht sa taithí.

## 4.3 Measúnú ar ghnóthachtáil printíseach

### 4.3.1 Tuairimí ginearálta

Tá an measúnú ar cheann de na heilimintí is tábhachtaí in oiliúint an phrintísigh. Tá tionchar mór ag torthaí measúnaithe ar dheiseanna fostaíochta agus roghanna gairme an phrintísigh. Gabhann freagrachtaí tromchúiseacha le ceart institiúidí nó duine aonair chun printíseach a mheas. Cuimsíonn an fhreagracht seo luach na measúnuithe roimhe sin ar chohóirt printíseach roimhe sin a choimeád. Déanann measúnú lochtach nó neamh-chomhsheasmhach dochar do cháilíocht na ndámhachtainí uile a dhéanann soláthraí ar leith. Ní féidir le meantóirí agus múinteoirí feidhmiú go díreach mar oiliúnóirí agus mar thacóirí a gcuid printíseach; ní mór dóibh breithiúnais a dhéanamh, leis. Ní mór do mheasúnóir ar bith a dhéanann breithiúnas ar phrintíseach a bheith inniúil chuige. Féadann oiliúint maidir le measúnú agus maoirseacht neamhspleách ar mheasúnaithe a bheith i gceist anseo. Tá feidhm iomlán ag gach ceann de threoirlínte CQAG maidir le cláir phrintíseachta.

### 4.3.2 Measúnú 'ar an láthair oibre'

Bíonn dúshláin ar leith ag gabháil le measúnú 'ar an láthair oibre'. Áirítear orthu sin cuid nó gach ceann díobh seo a leanas: tréimhse fhada foghlama lasmuigh den timpeallacht fhoirmiúil foghlama; taithí aonair oibre i gcás printíseach ar leith; fíorthorthaí sa láthair oibre seachas torthaí ionsamhlaithe san acadamh a thomhas; seisiúin bhreathnóireachta thréimhsiúla ghearra a dhéanamh ar an bprintíseach; easpa leanúnachais idir eilimintí agus suíomhanna; agus an leibhéal saineolais atá ar fáil sa láthair oibre. Is é leas straitéiseach fhostóirí agus an phobail chleachtais é a éifeachtaí atá an measúnú ar an láthair oibre.

Ba chóir na tréithe seo a leanas a bheith le sonrú ar mheasúnú ar ghnóthachtáil 'ar an láthair oibre':

- Taifead leanúnach de thaithí agus de mheasúnú i gcás gach printísigh. Ba chóir machnamh an phrintísigh ar a thaithí a bheith san áireamh sa taifead seo, leis. Ba chóir don mheantóir sa láthair oibre é a dheimhniú agus é a bheith ar fáil do scrúdaitheoirí eile;
- Ba chóir foráil a dhéanamh le haghaidh breathnú seachtrach ar an bprintíseach;
- Ba chóir rochtain a bheith ag an bprintíseach ar acmhainní tráthúla aiseolais maidir le measúnú agus tacaíocht chun déileáil le heasnaimh;
- Ba chóir don sceideal agus don réimeas measúnaithe a bheith solúbtha a ndóthain chun bheith oiriúnach do staideanna difriúla sa láthair oibre agus do thosca athraitheacha.
- Ba chóir breathnóireacht thréimhsiúil duine le duine a bheith ann ar thaithí agus ar ghnóthachtáil an phrintísigh.

### 4.3.3 Measúnú 'lasmuigh den láthair oibre'

Féadfaidh measúnú 'lasmuigh den láthair oibre' a bheith ar bun ag suíomhanna difriúla mar ar cuireadh an clár ar fáil le héagsúlachtaí áirithe. Ba chóir na tréithe seo a leanas a bheith le sonrú ar mheasúnú ar ghnóthachtáil 'lasmuigh den láthair oibre':

- Réimeas comhionann measúnaithe ag gach suíomh faoi mhaoirseacht an tSoláthraí Chomhordúcháin (formáid agus fad an scrúdaithe, srl.);
- Raon agus leibhéal comhsheasmhach measúnaithe i ngach suíomh;
- Dóthain solúbthachta i dtopaicí chun soláthar a dhéanamh le haghaidh difríochtaí i seachadadh ag gach suíomh agus le haghaidh ionchuir ó scrúdaitheoirí logánta, más cuí;
- I gcás ina leigheastar easnamh i dtaithí 'ar an láthair oibre' le hionchur 'lasmuigh den láthair oibre' ba chóir na torthaí ábhartha a mheasúnú.

### 4.3.4 Measúnú deiridh na hinniúlachta

Ní mór a chinntiú sa mheasúnú deiridh ar phrintísigh go bhfuil ar a gcumas na gníomhaíochtaí a chur i gcrích láithreach agus na gnáthfhreagrachtaí a ghabhann leis an gceird a chomhlíonadh. Ba chóir an measúnú a bheith:

- iomlánaíoch sa mhéid is go dtomhaistear ann inniúlacht ghinearálta an iarrthóra.
- críochnúil sa mhéid is gur chóir go gciallódh sé go mbeidh daoine a n-éiríonn leo sa mheasúnú i dteideal na dámhachtana agus chun clárú sa ghairm, i gcás inarb é sin toradh ceaptha an chláir.

### 4.3.5 An measúnú a mheasúnú

Eilimint thábhachtach is ea measúnú ar an measúnú i gcás aon chórais DC. I gcóras oiliúna scaipthe printíseachta, bíonn dúshláin áirithe ann ó thaobh ábharthacht, chomhionannas agus cháilíocht an bhreithiúnais. Is féidir déileáil leo siúd i bpiar-athbhreithniú ar mheasúnú agus trí chuid den ábhar scrúdúcháin a léamh den dara huair. Is gá athbhreithniú tréimhsiúil ó mheasúnóirí seachtracha neamhspleácha, leis, le cinntiú:

- go gcoimeádtar an caighdeán foriomlán.
- nach bhfuil aon difríocht chórasach idir suíomhanna ag teacht chun cinn.
- go bhfuil an t-ábhar measúnaithe ábhartha i gcónaí.
- gur measadh an difríocht a dhéanann cur isteach ar an bprintíseacht don mheasúnú.

## 4.4 Cáilíocht i gcláir phrintíseachta a bhainistiú agus a choimeád

Tá dúshláin ar leith ag gabháil le cláir phrintíseachta ó thaobh cáilíocht a choimeád. De bharr an fhócais láidir ar an ngairm, is féidir go mba ghá, ó am go chéile, na torthaí agus na próisis a athchalabrú. Chuige sin, d'fhéadfadh scan gairme, aiseolas láidir agus ionchur ó fhostóirí agus uathu siúd atá bainteach leis an ngairm a bheith de dhíth.

Is fostóirí a bhíonn i gceannas orthu, a fhágann gur féidir le hathruithe ar phatrúin éilimh teacht chun cinn. Is féidir go mba ghá ionchur leanúnach le cinntiú gur féidir le soláthraithe nua cáilíocht an chláir a choimeád. Ní mór d'aon chóras bainistíochta ceann a thógáil de staid na soláthraithe agus gníomhaireachtaí nó institiúidí dámhachtana éagsúla. Is féidir fostóir amháin nó níos mó a bheith i gceist. Is féidir soláthraí amháin 'lasmuigh den láthair oibre' nó níos mó a bheith i gceist. Is féidir gur comhlacht dámhachtana é an soláthraí 'lasmuigh den láthair oibre'. Sna cásanna seo uile, tá sé riachtanach nach gcuirfeadh a chasta atá an struchtúr isteach ar bhainistíocht an chláir.

Mar a tharlaíonn, féadfaidh fostóirí nó aonán a chruthaíonn grúpa fostóirí, nach bhfuil aon chlár eile á sholáthar aige, teacht chun bheith ina Sholáthraí Comhordúcháin. Sa chás sin, is féidir go mba ghá do ghrúpa ní ba lú, gan an oiread céanna taithí nó acmhainní, freagrachtaí cáilíochta a chur i gcrích, freagrachtaí a chuireann institiúidí móra a bhfuil foireann chleachta acu i gcrích de ghnáth. Mar shampla, chun teacht chun bheith ina sholáthraí ábhartha, níor mhór d'aonán, i measc rudaí eile, na freagrachtaí atá leagtha amach sna *Treoirlínte agus Critéir um Dhearbhú Cáilíochta le haghaidh Rochtain Soláthraithe ar Bhailíochtú Tosaigh Clár as a Leanann Dámhachtainí an QQI 2013* a ghabháil orthu féin.

Is féidir freagrachtaí bainistíochta agus cur chun cinn na cáilíochta a bhreithniú ar thrí leibhéal. Is iad sin, an comhthéacs ginearálta ina gcuirtear an clár ar fáil, bainistíocht straitéiseach na cáilíochta agus ar deireadh an leibhéal oibríochtúil trína gcinntítear go gcuirtear cáilíocht ar fáil ar bhonn laethúil. Ní mór don struchtúr bainistíochta a bheith in ann díriú ar gach ceann de na leibhéil seo.

### 4.4.1 Timpeallacht cháilíochta a chur ar fáil

Ach timpeallacht cháilíochta a chur ar fáil, cinnteofar go gcoimeádfar caighdeáin an chláir agus leasanna geallsealbhóirí, fostóirí, printíseach agus grúpa ginearálta na gairme. Is féidir é sin a bhaint amach le struchtúr eagraíochtúil éifeachtach ar féidir leis córais cháilíochta a chur chun feidhme, freagairt a thabhairt ar ionchuir sheachtracha agus a bheith trédhearcach ina chuid oibríochtaí. Ba chóir gné mhachnamhach a bheith sa struchtúr, leis, ionas go mbeidh leasú inmheánach indéanta. Bheadh na tréithe seo a leanas ag eagraíocht mar sin:

- Sannadh soiléir na ról agus na bhfreagrachtaí, línte cumarsáide agus tuairiscithe le tacú ó mheabhráin chomhaontaithe tuisceana, nuair is cuí.
- Próisis ionduchtúcháin le haghaidh soláthraithe nua agus tacaíocht do mheantóirí, léachtóirí agus bainisteoirí nua.
- Cur chuige coláisteach a chur chun cinn trína n-aithnítear comhionannas urraime idir soláthraithe difriúla.

### 4.4.2 Bainistíocht straitéiseach ar cháilíocht – rud a chinntíonn ábharthacht leanúnach agus méadú ar cháilíocht

San áireamh i mbainistíocht straitéiseach ar chóras dearbhaithe cáilíochta tá cothabháil an chórais sin. As sin, leanann an gá le meastóireacht leanúnach ar cibé an bhfuil an córas á chur chun feidhme mar a bunaíodh é agus le fáil amach an gá eilimintí de a nuashonrú. Ní mór raon na n-athruithe féideartha a shonrú le teorainneacha soiléir, ag uair an bhunaithe.

Teastaíonn tagarmharcáil ghníomhach ar an gclár i gcomparáid le dea-chleachtas in áiteanna eile. Ba chóir an cumas a bheith aige chun tuairiscí tráthúla a fháil ar chur chun feidhme agus chun freagairt a thabhairt ar na tuairiscí sin.

San áireamh i mbainistíocht straitéiseach tá measúnú leanúnach agus athmheasúnú ar riachtanais geallsealbhóirí agus forbairt na scileanna, an eolais agus na n-inniúlachtaí is gá laistigh den ghairm. Chuige sin, is gá naisc láidre shaibhre leis an bpobal cleachtais agus feasacht ar athruithe in áiteanna eile sa domhan. Bheadh na tréithe seo a leanas ag na struchtúir is gá chun bainistíocht straitéiseach a chur i gcrích:

- Cruinnithe rialta idir mór-gheallsealbhoirí agus soláthraithe le téarmaí aontaithe tagartha, clár oibre agus miontuairiscí.
- Dóthain údaráis atá aontaithe ag na soláthraithe uile chun comhlíonadh chórais DC a chinntiú.
- Dóthain inniúlachta agus saineolais inmheánaigh chun athruithe ar chórais cháilíochta a mholadh, agus a chur chun feidhme, más gá.
- Naisc shoiléire chumarsáide agus tuairiscithe le bainistíocht oibríochtúil.
- A bheith leabaithe a dhóthain i soláthar an chláir chun gníomhú mar fhórsa fuinnmhithe seachas díreach mar fhórsa rialaithe.
- Ba chóir baill a bhfuil naisc shaibhre acu nó atá bainteach acu leis an ngairm a bheith san áireamh.
- Cloí le próisis shoiléire maidir le soláthraithe nua a ligean isteach san eagraíocht.
- Coimeádann sé próisis oscailte aiseolais ó fhoghlaimeoirí go neamhspleách ar an bhfostóir logánta.

### 4.4.3 Oibriú an chláir – cáilíocht a chur chun feidhme i dtimpeallacht dhinimiciúil

Tá fadhbanna ag gabháil le nádúr scoilte an phróisis seachadta i gcláir phrintíseachta, fadhbanna nár mhór dóibh siúd atá bainteach leis an seachadadh díreach nó le bainistiú an chláir a réiteach; orthu sin tá an rialálaí reachtúil agus an Soláthraí Comhordúcháin. Ní mór iarraidh orthu siúd atá baineach leis na heilimintí ‘ar an láthair oibre’ earcaíocht aonair agus treoshuíomh printíseach a láimhsiú, a chinntiú go bhfuil an printíseach ag feidhmiú mar fhoghlaimeoir agus mar bhall mórluachmhar den fhórsa oibre, déileáil le breathnóireacht sheachtrach ar an taithí san ionad oibre, taifid a choimeád agus dul i mbun caidrimh le bainisteoirí ‘lasmuigh den láthair oibre’. Ba chóir dóibh teicnící cothrom le dáta a mholadh le cur san áireamh sa chlár.

Ní mór don soláthraí lasmuigh den láthair oibre a chinntiú go gcomhlíonann ábhar a chuirtear ar fáil riachtanais na bprintíseach agus iad ag teacht ó thaithí oibre a d'fhéadfadh a bheith neamhionann. Is féidir go n-oibreoidh siad ina n-aonar agus gur gá cumarsáid fhoirmiúil lena bpiaraí. Is féidir go mbeidh orthu

dul i mbun caidrimh le soláthraithe eile lasmuigh den láthair oibre le cinntiú go mbíonn eilimintí a chuirtear ar fáil i suíomhanna difriúla ailínithe i gcónaí.

Ceanglófar ar sholáthraithe, ar mhaithe le cur chun feidhme na cáilíochta:

- treoracha soiléire a bheith acu maidir lena bhfreagrachtaí agus a n-inniúlacht, agus an t-údarás chun iad a chur i gcrích.
- feasacht a bheith acu ar an gclár iomlán agus a n-áit féin laistigh de.
- dóthain saineolais chun printísigh a threorú agus éagsúlachtaí ar an bpróiseas seachadta a mholadh.
- teacht a bheith acu ar a bpiaraí agus an deis chun cuidiú le meastóireacht agus forbairt an chláir.

## 4.4.4 Bainistíocht an chláir ó lá go lá

### *4.4.4.1 Stiúrthóir/riarthóir an chláir*

Ceapfaidh an Soláthraí Comhordúcháin stiúrthóir/riarthóir cláir chun an clár a bhainistiú, a riaradh agus maoirseacht a dhéanamh air, agus le cinntiú go mbíonn cumarsáid ann le comhpháirtithe. Is é stiúrthóir an chláir an pointe teagmhála do sholáthraithe uile an chláir. Eagraíonn an stiúrthóir an clár agus na boird scrúdúcháin. Tuairiscíonn siad don chomhlacht dámhachtana agus do Bhord an Chláir. Déileálann siad le ceisteanna aonair maidir le printísigh. Cabhraíonn siad le fostóirí printísigh a chlárú. Eagraíonn siad clárú printíseach leis an gcomhlacht dámhachtana. Cabhraíonn siad chun baill nua a thabhairt isteach sa chuibhreannas. Is é/í an pointe teagmhála do phrintísigh a bhfuil ábhar buartha aonair nó grúpa acu.

### *4.4.4.2 Feidhmeanna Bhord an Chláir*

Is é Bord an Chláir an t-aonán atá freagrach as maoirseacht leanúnach a dhéanamh ar an gclár. Ba chóir teacht a bheith ag an mBord ar shonraí maidir le seachadadh na gclár, torthaí reatha ar mheasúnaithe agus ar shreabhadh printíseach idir eilimintí den chlár. Ba chóir go bhfaigheadh sé gach tuairisc phróisis ó sholáthraithe comhoibríocha agus ó scrúdaitheoirí neamhspleácha. Ba chóir dó a bheith ar an eolas faoi athruithe i dtosca na solathráithe comhoibríocha agus sa ghairm. Áirítear ar a fheidhmeanna:

- Maoirseacht ghinearálta ar sheachadadh an chláir agus ar mheasúnaithe.
- Freagairt a thabhairt ar ionchuir ó scrúdaitheoirí seachtracha.

- Freagairt a thabhairt ar ionchuir ó sholáthraithe agus ón ngairm.
- Athruithe ar sheachadadh a cheadú agus mionathruithe a dhéanamh ar an gclár laistigh de na teorainneacha a shocraítear sa bhailíochtú.
- Suirbhéanna ar phrintísigh a eagrú agus freagairt dóibh.
- Meicníochtaí slána aiseolais a sholáthar do phrintísigh.
- Tuairisciú do chomhairle acadúil an tSoláthraí Chomhordúcháin nó a comhionann ar a ghníomhaíochtaí mar a cheanglaíonn an comhlacht dámhachtana.
- Tuairisciú ar a ghníomhaíochtaí do na comhpháirtithe mar a iarrtar.
- Dul i gceannas ar athbhreithniú cláir mar ullmhú d'athbhailíochtú.
- Feidhmíonn sé, i bhfoirm leathnaithe, mar bhord scrúdúcháin.

#### *4.4.4.3 Ballraíocht Bhord an Chláir*

Féadfaidh líon Bhoird na gClár a bheith ag brath ar raon na soláthraithe atá bainteach leis an gcuibhreannas agus ar scaipeadh na suíomhanna ina gcuirtear an clár ar fáil. Ba chóir ceithre eilimint ar a laghad a bheith ann, Stiúrthóir an Chláir, agus ionadaithe na bhfostóirí, na soláthraithe oideachais/oiliúna agus na bprintíseach. D'fhéadfaí ionadaithe geallsealbhóirí eile ar nós cumainn ghairme a chur san áireamh, más cuí. Is féidir an cathaoirleach a bheith ina fhostóir agus ba chóir eagar Bhord an Chláir a bheith ina chúram ar Stiúrthóir an Chláir.

- Ba chóir do Stiúrthóir an Chláir, chomh maith leis an mbord a eagrú, a bheith ina phointe teagmhála do Bhord an Chláir agus do na soláthraithe, agus tuairisciú don chuibhreannas agus don chomhlacht dámhachtana, mura ball é/í.
- Ba chóir do na baill ó na soláthraithe oideachais/oiliúna feidhmiú mar shaineolaithe seachas mar ionadaithe a gcuid soláthraithe. Ag an am céanna, ba chóir dóibh iad féin a chur ar an eolas i dtaobh saincheisteanna atá ag teacht chun cinn ina réimsí féin agus a bheith in ann áitiú ar son athruithe sa chlár.
- Ba chóir do bhaill na bhfostóirí a bheith ina saineolaithe gairme agus/nó meantóirí gníomhacha. Ba chóir dóibh a bheith in ann leasanna ginearálta na gairme a ionadú. Ba chóir go mbeidís, leis, in ann údair imní soláthraithe a thabhairt chuig an mbord.

#### 4.4.4.4 *An bord scrúdúcháin*

Féadfaidh méid agus ballraíocht an bhoird scrúdúcháin a bheith ag brath ar raon na soláthraithe atá bainteach leis an gcuibhreannas agus ar scaipeadh na suíomhanna ina gcuirtear an clár ar fáil. Ní mór dó a bheith in ann déileáil go húdarásach leis na torthaí measúnaithe a chuirtear faoina bhráid. Ba chóir go n-oibreodh sé de réir rialacha an chomhlachta dámhachtana. Ba chóir go mbeadh dóthain saineolais ar fáil dó chun oibriú laistigh de na rialacha sin.

- Ba chóir go mbeadh baill air ó na scrúdaitheoirí, ar a laghad duine amháin ó gach soláthraí oideachais/oiliúna agus dóthain ball aige chun déileáil le gach modúl agus suíomh.
- Is féidir go mbeadh fostóirí ionadaithe ag a n-oiliúnaithe ar Bhord an Chláir, le daoine breise a sholáthródh saineolas tábhachtach suntasach, más gá.
- Ba chóir do scrúdaitheoirí seachtracha a bheith ina mbaill, má dheimhníonn siad torthaí.
- Ba chóir do chathaoirleach Bhord an Chláir agus stiúrthóir an chláir a bheith ina mbaill, ex-officio.

## 4.5 Athbhreithniú tréimhsiúil ar an ngairm, ar an gcuibhreannas agus ar an gclár

### 4.5.1 Cuspóirí na n-athbhreithnithe tréimhsiúla

Is foirm chaighdeánach de phróisis fhadtéarmacha dearbhaithe cáilíochta agus breisiú cáilíochta iad athbhreithnithe tréimhsiúla. Is athbhreithnithe ginearálta ar an tionscadal uile iad athbhreithnithe tréimhsiúla agus is féidir leo a bheith ina réamhtheachtaí d’athruithe móra ar an gclár.

Tá trí eilimint i gcláir phrintíseachta a gcaithfear an t-athrú ó bhun seo a dhéanamh orthu. Is iad sin an **phróifíl ghairme** aontaithe, feidhmiú an **chuibhreannais** agus a éifeachtaí atá an **clár** féin.

Féadfaidh amú an athbhreithnithe a bheith ag brath ar thosca éagsúla. De ghnáth éilíonn comhlachtaí dámhachtana athbhreithnithe cúig bliana ar chláir. Féadfaidh comhlachtaí maoiniúcháin athbhreithnithe a iarraidh ag deireadh tréimhsí maoiniúcháin. Féadfaidh luas na n-athruithe sa ghairm an gá le hathruithe a chinneadh. Ba chóir an uastréimhse athbhreithnithe a shocrú nuair a dhéantar an clár a bhailíochtú den chéad uair.

Tréithe na n-athbhreithnithe tréimhsiúla:

- Is athbhreithnithe críochnúla iad seo ar féidir leo mór-athruithe ar an gclár a chosaint.
- Is éard atá i gceist iontu próiseas féinmheastóireachta agus athbhreithniú seachtrach neamhspleách.
- Is féidir go mbeidh tionchar ag aon cheann de na trí eilimint ar a chéile agus is fearr na hathbhreithnithe a dhéanamh ag an am céanna.

Is féidir na trí athbhreithniú a chur i gcrích ceann ar cheann, ach ba chóir a aithint gur féidir le gach tuairisc tionchar a bheith aici ar aon cheann de na tuairiscí eile, nó ar an dá cheann.

Ba chóir go gcorprófaí sa tuairisc ar an athbhreithniú cláir le haghaidh athbhailíochtú an QQI (más cuí) torthaí ábhartha na dtuairiscí eile. Chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, d'fhéadfaí na trí thuairisc a chur i láthair mar thuairisc amháin le tri eilimint ar leith.

### 4.5.2 Athbhreithniú ar an bpróifíl ghairme

Is é cuspóir aon phrintíseachta printísigh a réiteach le haghaidh gairme. Ar deireadh, braithfidh cáilíocht na printíseachta ar conas a chruthóidh an printíseach cáilithe sa ghairm. De réir mar a athraíonn gairmeacha, athraíonn an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí atá de dhíth. Is gá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar riachtanais na próifíle gairme sular féidir aon athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár. Beidh próifílí athcheartaithe gairme faoi réir cheadú an chomhlachta nó na gcomhlachtaí náisiúnta printíseachta, roimh athcheartú agus athbhailíochtú cláir. Bheadh na tréithe seo a leanas ag athbhreithniú ar ghairm:

- Cumainn fostóirí nó fostóirí suntasacha a bheith bainteach leis;
- Caidreamh le pearsanra acmhainní daonna ó gach cearn den tionscal chun feidhmiú na bprintíseach cáilithe a mheasúnú;
- Suirbhé ar aon litríocht, imeachtaí comhdhála, nó ábhar rialála a bhaineann leis an ngairm, lena n-áirítear réamhaisnéisí agus anailísí eacnamaíocha agus margaidh shaothair;
- Gairmithe suntasacha gairme a bheith bainteach leis;
- Athbhreithniú ar athruithe teicneolaíochta a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an ngairm;
- Suirbhé ar iarchéimithe chun neart agus laigí an chláir a aithint mar aon leis an leibhéal ullmhúcháin do dhul chun cinn sa ghairm.

D'fhéadfaí an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích, mar shampla, trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais foirmiúil, a mbeadh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach leis.

Ba chóir do thoradh an athbhreithnithe ar an bpróifíl ghairme na hathruithe riachtanacha agus inmhianaithe ar an gclár a léiriú. Is próiseas é trínar féidir le fostóirí agus baill ghairme ionchur a dhéanamh sa phrintíseacht, ionchur a mbeidh tionchar aige. Is ionchur riachtanach é seo in athbhreithniú ar an gclár. Ba chóir é a scaipeadh ar gheallsealbhóirí agus é a bheith ina chomhthéacs d'athbhreithniú cláir.

### 4.5.3 Comhpháirtíochtaí a athbhreithniú

I measc na meicníochtaí trína gcinntíonn an Soláthraí Comhordúcháin go seachadtar cláir tá Bord an Chláir agus comhaontuithe le soláthraithe agus fostóirí comhoibríocha (an cuibhreannas).

Is féidir, leis, gurb é an Soláthraí Comhordúcháin an seoltán trína scaiptear cistí. D'fhéadfaí an t-athbhreithniú seo a chur i gcrích, mar shampla, trí Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais foirmiúil, a mbeadh na feidhmeanna atá leagtha amach in Aguisín 2 aige, a bheith bainteach leis.

Ba chóir go ndéileálfaí leis na hábhair seo a leanas in athbhreithniú ar chuibhreannas:

- Freagrachtaí na soláthraithe aonair lena n-áirítear freagrachtaí an tSoláthraí Chomhordúcháin.
- An gaol idir soláthraithe, fostóirí, an rialálaí reachtúil agus a oifigigh údaraithe.
- A éifeachtaí ata na nósanna imeachta tuairiscithe.
- Na naisc chumarsáide idir na comhpháirtithe.
- Socruithe rialachais chorparáidigh (d'áireofaí anseo Grúpa Stiúrtha an Chuibhreannais (Aguisín 2) más ann dó).
- Oibriú cosaintí in aghaidh iompar míchuí acadúil/airgeadais, meargántacht nó faillí.
- Aon athrú riachtanach ar an gcomhaontú cuibhreannais.

### 4.5.4 An clár a athbhreithniú

Is gnáthchuid de dhearbhú cáilíochta acadúil iad athbhreithnithe cláir. Ba chóir go mbeadh leagan amach na n-athbhreithnithe cláir ag teacht le riachtanais an chomhlachta dámhachtana.

Soláthrófar in athbhreithnithe cláir an t-ionchur is gá ó athbhreithniú ar an bPróifíl Ghairmiúil agus ar athbhreithnithe ar chomhpháirtíochtaí. Agus a éifeachtaí atá an clár á athbhreithniú, ba chóir na nithe seo a leanas a bheith i gceist san athbhreithniú:

- ionchur ó athbhreithniú ar Phróifíl Ghairme a chur san áireamh le cinntiú go mbíonn gach gné den chlár ábhartha i gcónaí;
- an t-ionchur ó mheantóirí, oiliúnóirí, céimithe agus printísigh reatha a úsáid chun an curaclam, modúil agus próisis mheasúnaithe a mhionathrú;
- athbhreithniú ar thuairiscí ó mheastóirí seachtracha le cinntiú go gcuirtear athruithe molta chun feidhme;
- leibhéil na scileanna meantóireachta, oiliúna agus measúnaithe atá ar fáil don chlár a bhunú agus ina theannta sin, a reatha atá na saoráidí fisiciúla;
- a mheasúnú cibé an bhfuil na riachtanais iontrála oiriúnach i gcónaí.

Is féidir a éifeachtaí atá an clár a mheasúnú trí:

- ionchur ón athbhreithniú ar an gcomhpháirtíocht a chur san áireamh chun socruithe seachadta a mhionathrú;
- féachaint ar rátaí agus cúiseanna coinneála, aistarraingthe agus céimithe le linn thréimhse iomlán an athbhreithnithe;
- a chinntiú nach bhfuil aon aimhrialtachtaí ag suíomhanna ar leith nó le modúil ar leith nó le heilimintí ar leith eile den chlár;
- ionchur ó mheantóirí, oiliúnóirí, céimithe agus printísigh reatha a úsáid chun an próiseas seachadta agus na nósanna imeachta bainistíochta oibríochtúla a mhionathrú.

Ba chóir aschur an athbhreithnithe seo a bheith i bhfoirm togra cláir le torthaí foghlama ceaptha cláir nuashonraithe a bheidh oiriúnach do phróifíl ghairme atá ag athrú, comhpháirtíochta athraithe, athruithe ar thorthaí modúl agus inneachar athraithe, chun léiriú a thabhairt ar údair imní nuashonraithe gairme agus an clár a sheachadadh ar shlí níos éifeachtaí. Ba chóir an t-athbhreithniú a dhéanamh ar shlí a athdheimhníonn róil na rannpháirtithe agus a thugann fuinneamh nua don chuibhreannas.

### 4.5.5 Athbhreithnithe eile

Is féidir go n-iarrfar ar Sholáthraí Comhordúcháin atá ag cur cláir phrintíseachta ar fáil tuairisciú go tréimhsiúil don rialálaí reachtach, don Chomhairle Phrintíseachta, do chomhlachtaí gairmiúla agus/nó do chomhlachtaí maoiniúcháin. Ba chóir do chomhaontuithe comhpháirtíochta aon tuairisc dá sórt a éascú.

# 5 TACAÍOCHTAÍ DO PHRINTÍSIGH

## 5.1 Ceisteanna ginearálta

Is féidir go mbeidh cineálacha áirithe tacaíochta de dhíth ar fhoghlaimeoirí printíseachta. Is gá tacaíocht ag an ionduchtúchán, chun an t-athrú i stádas saoil an phrintísigh nua a éascú, mar a léirítear sa roinn earcaíochta thuas.

Mar fhostaí, féadfaidh an printíseach a fháil amach go bhfuil leanúnachas san fhostaíocht, nó oiriúnacht na fostaíochta, i mbaol. Ní mór córais a bheith ann chun tionchar na rioscaí seo a laghdú, mar a léiríodh cheana. Ba chóir a nótáil nár chóir agus nach féidir leis an Soláthraí Comhordúcháin agus a chomhpháirtithe ráthaíocht a thabhairt go n-aimseofar fostaíocht oiriúnach i ngach cás do phrintísigh iomarcacha.

Tugadh srac-chuntas ar na tacaíochtaí foghlama is gá don phrintíseach sna ranna roimhe seo agus ba chóir tacaíocht phearsanta agus tacaíocht ghairme a bheith san áireamh iontu. Tá sé thar a bheith tábhachtach do phrintísigh óga a bheith lánpháirtithe ina bpobal cleachtais, a luaithe is féidir.

Cuid shuntasach den phróiseas sóisialaithe pearsanta is ea ballraíocht i bpobal cobhsaí. Chuige sin, i gcás ina bhfuil líon mór soláthraithe lasmuigh den láthair oibre, ba chóir do

phrintísigh, a mhéad is féidir, freastal ar sholáthraí amháin le linn gach tréimhse scaoilte, chun leanúnachas pobail a choimeád agus lánpháirtiú a éascú, agus cur le héifeachtúlacht na foghlama trína bheith eolach ar an gcóras leabharlainne, IT agus córais institiúideacha eile.

## 5.2 Dualgas cúraim i gcás printíseach óg

Féadfaidh printísigh áirithe a bheith faoi bhun ocht mbliana déag. Sna cásanna sin, ba chóir don soláthraí an dualgas cúraim cuí a fheidhmiú. Bheadh sin tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn printísigh óga ar shiúl ó bhaile le linn céimeanna 'lasmuigh den láthair oibre'.

## 5.3 Comhtháthú le hinstitiúidí lasmuigh den obair

I gcás inar institiúid mhór oideachais/oiliúna é an soláthraí lasmuigh den láthair oibre, bheadh sé tábhachtach foghlaimeoirí printísigh a lánpháirtiú i gcórais shóisialta, spóirt agus tacaíochta na hinstitiúide, a luaithe is féidir, i ngeall ar a chomhdhlúite atá na céimeanna lasmuigh den láthair oibre. Ba chóir do na hinstitiúidí sin a chinntiú go mbíonn an tacaíocht agus an lánpháirtiú sin ann i gcónaí le linn chéimeanna ar an láthair oibre (mar shampla: teacht ar an leabharlann, córas IT, áiseanna spóirt agus mar sin de).

Féadfaidh céimeanna lasmuigh den láthair oibre tosú ag amanna éagsúla le linn na bliana acadúla agus is dúshlán ar leith é seo de bhrí go bhfuil mórchuid de ghníomhaíochtaí na n-institiúidí bunaithe ar fhreastal lánaimseartha. Ba chóir d'institiúidí ceann ar leith a thógáil de seo agus beartais maolaithe a fhorbairt, ar nós rochtain agus cumarsáid a choimeád le linn na dtréimhsí ar an láthair oibre a luaitear thuas.

## 5.4 Déileáil le freagrachtaí iomaíocha

Féadfaidh sé go mbeidh níos mó cúraimí clainne ar phrintísigh pháirtaimseartha nó ar phrintísigh aibí ná mar atá ar phrintísigh lánaimseartha. Is féidir go mbeidh orthu bogadh timpeall na tíre ar bhonn sealadach mar chuid dá dtéarmaí fostaíochta. Ba chóir soláthar a dhéanamh do chásanna mar sin agus tacaíocht a sholáthar nuair is féidir.

## 5.5 Riachtanais speisialta oideachais agus oiliúna nó míchumas

Féadfaidh riachtanais speisialta oideachais nó oiliúna nó míchumas a bheith ag printíseach. Ba chóir don fhostóir an fhaisnéis sin a chomhroinnt leis an Soláthraí Comhordúcháin ag an tús. Ba chóir do sholáthraithe socruithe réasúnta a dhéanamh, chomh fada agus is féidir, ionas nach mbeidh bacainní neamhchuí le sárú ag printísigh faoi mhíchumas chun an phrintíseacht a chríochnú go rathúil.

## 5.6 Gearáin

Ba chóir meicníochtaí soiléire a bhunú trínar féidir le printísigh gearáin a dhéanamh mar gheall ar a soláthraithe oideachais agus oiliúna, a bhfostóirí nó mar gheall ar easpa comhtháthaithe ina gclár idir na páirtithe sin.

# 6 SOLÁTHAR FAISNÉISE

## 6.1 Faisnéis agus sonraí bainistíochta

Is dóchúla ná a mhalairt go mbeidh ar an Soláthraí Comhordúcháin sonraí maidir leis an gclár printíseachta agus printísigh a aistriú chuig páirtithe eile. Cé gur ábhar é sonraí a ndírítear air sna Buntreoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta, féadfaidh aird ar leith ón Soláthraí Comhordúcháin a bheith de dhíth chun cáilíochtaí sonraí sa chomhthéacs seo a dhearbhú.

## 6.2 Faisnéis phoiblí

Is riachtanas caighdeánach é faisnéis áirithe ar aon chlár as a leanann dámhachtain sa CNC a bheith ar fáil don phobal. Ní mór a chinntiú i gcomhaontuithe comhpháirtíochta go mbíonn soláthraithe ar an eolas faoi sin agus go gcomhoibríonn siad leis.

Tá tábhacht ar leith ag gabháil le "íomhá branda" na printíseachta, mar mhód foghlama, atá oiriúnach do gach leibhéal den CNC os cionn Leibhéal 4, a fhorbairt agus a mhisniú agus go dtuigfeadh an pobal na deiseanna le haghaidh forchéimniú agus nádúr na foghlama bunaithe ar an obair. Mar sin ba chóir d'fhaisnéis phoiblí tacú le cur chun cinn na printíseachta sa chomhthéacs seo.

Tá an Soláthraí Comhordúcháin freagrach as a chinntiú go mbíonn printísigh nua go hiomlán ar an eolas faoin gclár. Féadfaidh printíseach dul isteach i bprintíseacht mar dhuine aonair gan tacaíocht ó chohórt nó teagmháil le piaraí atá níos faide ar aghaidh sa phrintíseacht chéanna, mar sin tá sé an-tábhachtach go gcuirtear faisnéis iomlán ar fáil don phrintíseach nua agus go dtacaítear leis sin le mionteagaisc ón meantóir sa láthair oibre, a chlúdaíonn an clár iomlán atá roghnaithe aige/aici.

Is iad an Soláthraí Comhordúcháin agus comhpháirtíocht an chláir an grúpa is mó sa ghairm atá freagrach go díreach as cáilíocht an chláir. Ba chóir dó féachaint le cáilíocht sa ghairm i measc na bprintíseach agus i measc daoine cáilithe a chur chun cinn.

# 7 AGUISÍNÍ

## 7.1 Aguisín 1: Treoirlínte do dhréachtú Meabhrán Comhaontaithe / Tuisceana

### 7.1.1 Meabhrán Comhaontuithe

Ba chóir do Mheabhrán Comhaontaithe dearbhú a thabhairt do sholáthraithe oiliúna 'ar an láthair oibre' agus 'lasmuigh den láthair oibre' agus do sheirbhísí gaolmhara ar shlí shruthlíneach agus de réir threoirlínte um dhearbhú cáilíochta an QQI, riachtanais an chomhlachta dámhachtana agus bheartais an rialálaí reachtúil, chomhlachtaí maoiniúcháin agus pháirtithe eile a bhfuil riachtanais dhleathacha acu.

### 7.1.2 Socruithe ginearálta

*a)* an chomhpháirtíocht/cuibhreannas a bhunú agus a shonrú (lena léirítear na comhpháirtithe, lena n-áirítear an Soláthraí Comhordúcháin agus an seoladh ainmnithe le haghaidh cumarsáide a shainaithint);

*b)* a chinntiú go bhfuil próisis i bhfeidhm trínar féidir leis na comhpháirtithe an chomhpháirtíocht a fhágáil agus comhpháirtithe nua a thabhairt isteach;

*c)* a chinntiú go bhfuil cearta agus oibleagáidí na gcomhpháirtithe uile soiléir;

*d)* téarmaí an Mheabhráin Chomhaontaithe agus an Mheabhráin Tuisceana idir an Soláthraí Comhordúcháin agus na comhpháirtithe eile a aontú;

*e)* a chinntiú go bhfuil nádúr na seirbhísí a chuireann gach comhpháirtí i gcrích soiléir;

*f)* raon an chomhaontaithe agus an chláir ábhartha, an dámhachtain a leanfaidh as agus an comhlacht dámhachtana a shonrú;

*g)* tréimhse an chomhaontaithe a bhunú;

*h)* na coinníollacha faoina ndéanfar an comhaontú a athbhreithniú agus a athnuachan a bhunú;

*i)* soláthar a dhéanamh do leasú an chomhaontaithe;

*j)* a chinntiú gur soiléir cad iad na haonáin (an Soláthraí Comhordúcháin agus fostóirí na bprintíseach de ghnáth) ar féidir le foghlaimeoirí iad a chur faoi dhliteanas dlí i gcás easnamh i soláthar an oideachais agus na hoiliúna;

*k)* aon teorainneacha ar dhliteanas a shonrú agus soláthar a dhéanamh le haghaidh slánú frithpháirteach;

*l)* soláthar a dhéanamh chun díospóidí a eascraíonn as an gcomhaontú a réiteach;

*m)* soláthar a dhéanamh le haghaidh fhoirceannadh nó cur ar fionraí an chomhaontaithe (ina leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir é seo a dhéanamh) ag féachaint do na foghlaimeoirí i dtrácht;

*n)* a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm chun printísigh a chosaint agus le haghaidh oibleagáidí iarmharacha d'fhoghlaimeoirí i ngach cás ar fhoirceannadh an chomhaontaithe;

*o)* a chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm chun printísigh a chosaint i gcásanna ina dteipeann ar chomhpháirtí aonair a oibleagáidí a chomhlíonadh;

*p)* an dlínse a ainmniú ina ndéanfar an comhaontú a achtú agus inar chóir é a léirmhíniú;

*q)* a chinntiú go bhfuil próiseas i bhfeidhm trínar féidir díriú ar dhíospóidí i dtaca leis an gcomhaontú, lena n-áirítear aon sáruithe measta ar an gcomhaontú agus gearáin a bheadh ag foghlaimeoirí agus fostaithe atá bainteach leis;

*r)* a cheangal ar chomhpháirtithe a bheith rannpháirteach sa phróiseas athbhreithnithe/creidiúnaithe/bailíochtaithe cláir a éilíonn an comhlacht dámhachtana printíseachta agus chun aon choinníollacha a ghabhann le hathbhreithniú/creidiúnú/bailíochtú a chomhlíonadh;

*s)* nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a bhunú don chlár agus iarraidh ar chomhpháirtithe comhoibriú agus a bheith rannpháirteach sna nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta agus i meastóireachtaí gaolmhara ar cháilíocht, cibé go hinmheánach nó go seachtrach a eagraítear iad, agus a chinntiú ag an am céanna go n-aithnítear na nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta a bhaineann leis an gclár comhoibríoch mar nósanna imeachta a chomhlíonann riachtanais an chomhlachta dámhachtana;

*t)* soláthar a dhéanamh do chomhlachtaí dámhachtana printíseachta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus ar chaighdeáin an chláir agus ar na seirbhísí gaolmhara;

*u)* an fhaisnéis a theastaíonn ó ghníomhaireachtaí seachtracha dearbhaithe cáilíochta nó gníomhaireachtaí náisiúnta nó Eorpacha ar nós Forlíonadh Dioplóma Europass, a bhailiú agus a choimeád;

*v)* a cheangal ar pháirtithe misniú agus soláthar a dhéanamh le haghaidh comhoibriú idir bhaill foirne i dtaca leis an gclár.

### 7.1.3 Socruithe airgeadais (faoi réir théarmaí agus coinníollacha an chomhlachta ábhartha cistiúcháin)

*a)* an t-aonán a ainmniú, an Soláthraí Comhordúcháin de ghnáth, a bheidh cuntasach as an gcistiú a leithdháilfear ar an gcuibhreannas;

*b)* socruithe airgeadais a lua,

*i)* a dhíríonn ar dháileadh aon chistí a leithdháilfear don chlár;

*ii)* cumas gach páirtí a dhearbhú, chun cuntas a thabhairt ar ioncam agus caiteachas lena mbaineann an cuibhreannas;

*iii)* gach riachtanas dlíthiúil i ngach dlínse lena mbaineann a chomhlíonadh;

*iv)* soláthar leordhóthanach a dhéanamh do chosaint foghlaimeoirí, mar a thuairiscítear faoi pharagraf m) agus n).

## 7.2 Aguisín 2: Sampla de Ghrúpa Stiúrtha Cuibhreannais

### 7.2.1 Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais

Bailíonn Grúpa Stiúrtha an Chuibhreannais gach ceann de phríomh-gheallsealbhóirí an chláir phrintíseachta lena n-áirítear fostóirí, cumainn ghairm, aon rialálaí gairme agus an Soláthraí Comhordúcháin.

Is é ról an Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go bhfuil an clár printíseachta ag teacht le agus ag dul ar aghaidh de réir riachtanais na gairme. Is é an cuspóir a bheadh leis a chinntiú go bhfuil an clár printíseachta faoi stiúir fiontair agus go gcomhlíonann sé riachtanais an mhargaidh shaothair. Éilíonn sé seo go gcomhlíonfadh céimithe an chláir an ról uathoibríoch gairme a shannadh dóibh. Gníomhaíonn an Grúpa Stiúrtha mar 'caomhnóir' na gairme, agus comhlíontar ról criticiúil, i gcomhar leis an rialálaí reachtúil, maidir le fostóirí atá bainteach leis an gclár a chomhordú. Ba chóir dó gníomhú, leis, chun fostóirí an tSoláthraí Chomhordúcháin agus soláthraithe eile sa chlár a thabhairt le chéile.

I gcomhar leis an rialálaí reachtúil, ba chóir don Ghrúpa Stiúrtha a chinntiú go gcoimeádtar an eilimint chriticiúil den oiliúint 'ar an láthair oibre' agus go gcuirtear ar fáil é ar an gcaighdeán cuí leis na torthaí foghlama sonraithe agus go gcuireann fostóirí agus an Soláthraí Comhordúcháin chun feidhme go héifeachtach í.

Gníomhaíonn sé mar theagmhálaí idir fostóirí agus Soláthraí Comhordúcháin ar leibhéal ginearálta. Nuair is gá, déileálfaidh sé leis an rialálaí reachtúil agus tuairisceoidh sé dó, agus don chomhlacht ábhartha cistiúcháin, don QQI, agus do chomhlachtaí gairme, nuair is cuí.

Gníomhóidh sé leis an Soláthraí Comhordúcháin i spiorad comhpháirtíochta. Ina oibriú, léireoidh sé meas ar uathrialachas reachtúil an tSoláthraí Chomhordúcháin, a fhreagrachtaí chun caighdeáin acadúla a choimeád agus cláir a chur ar fáil mar a aontaíodh leis an údarás a bhailíochtaigh an clár. Oibreoidh an Grúpa Stiúrtha go dlúth le boird agus bainistíocht acadúil chláir an tSoláthraí Chomhordúcháin agus na soláthraithe eile chun struchtúr agus seachadadh iomlánaíoch riaracháin agus oideachais a chinntiú, as a leanfaidh eispéireas foghlama aontaithe gan uaim ar an láthair agus lasmuigh de don fhoghlaimeoir printíseach.

### 7.2.2 Comhdhéanamh Ghrúpa Stiúrtha an Chuibhreannais

Braithfidh comhdhéanamh ghrúpa stiúrtha an chuibhreannais ar raon na gairme agus ar nádúr na bhfiontar atá bainteach leis an ngairm. Ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa chomhdhéanamh:

*a)* Duine a bhfuil údarás aige nó aici, ó fhiontar nó ó phobal cleachtais atá bainteach leis an ngairm, a bheith i gceannas.

*b)* Formhór na mball a bheith ag teacht ó fhiontair, cumainn fostóirí, pobal cleachtais nó comhlachtaí ábhartha gairme.

*c)* Beidh na baill ó fhiontair ionadaíoch do raon na bhfiontar atá bainteach leis. I gcás ina bhfuil fostóirí móra agus beaga i gceist i bhfiontar a fhostaíonn printísigh, ba chóir cothromaíocht ionadaíoch chuí a bheith ann idir earnáil na bhfiontar beag agus meánmhéide agus earnáil na bhfiontar mór.

*d)* Beidh an Soláthraí Comhordúcháin agus soláthraithe eile lasmuigh den láthair oibre ina mbaill den Ghrúpa Stiúrtha.

*e)* De ghnáth is é an Soláthraí Comhordúcháin a sholáthróidh an rúnaíocht don Ghrúpa Stiúrtha cé gur féidir an réiteach seo a éagsúlú, más gá.

### 7.2.3 Ról Ghrúpa Stiúrtha an Chuibhreannais

Seo mar a dhéanfaidh Grúpa Stiúrtha an Chuibhreannais:

*a)* A chinntiú, i gcomhar leis an Soláthraí Comhordúcháin, go mbíonn comhairliúchán leordhóthanach ann le geallsealbhóirí ó thaobh fhorbairt, sheachadadh agus athbhreithniú an chláir.

*b)* Córais a fhorbairt trína gcinnteofar go mbíonn tionchar treorach ag treochtaí i measc fostóirí agus treochtaí an mhargaidh shaothair ar fhorbairt curaclaim, agus go ndéantar soláthar d'fhorbairt phearsanta foghlaimeoirí agus chun iad a ullmhú le haghaidh forchéimniú.

*c)* Freagairt a thabhairt ar an éileamh fíor agus réamh-mheasta réigiúnach agus náisiúnta ar an gclár le cinntiú go mbíonn sé bunaithe ar éileamh seachas ar sholáthar, agus go gcuirtear srianta maoiniúcháin agus soláthair san áireamh.

*d)* A chinntiú go bhfuil faisnéis chruinn ar na cláir agus ar an ngairm ag printísigh fhéideartha, an pobal agus fostóirí.

*e)* Tacú agus forbairt a dhéanamh ar mhargú phróifil na gairme.

*f)* Tacú le tionscnaimh ghairmthreoracha agus le forbairt 'bhranda' na printíseachta.

*g)* Meabhráin tuisceana nó comhaontuithe ceangailteacha a fhorbairt, de réir noirm náisiúnta, i gcomhar agus i gcomhaontú le soláthraithe, fostóirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile ar nós comhlachtaí gairmiúla, ina ngeallann gach páirtí na comhaontuithe a chur chun feidhme.

*h)* Déanfar comhordú leis an rialálaí reachtúil agus fostóirí le cinntiú go gcuirtear san áireamh agus printísigh á n-earcú na riachtanais eolais, scile agus inniúlachta is gá chun an clár a chríochnú (ii) oiliúint éifeachtach printíseach laistigh den láthair oibre.

*i)* Féachaint le cinntiú go dtacaíonn socruithe earcaíochta agus seachadta go leordhóthanach le cothromas agus le cuimsiú grúpaí sochaíocha faoi ghannionadaíocht ar chláir agus go gcuirtear tacaíocht chuí foghlama ar fáil do na grúpaí seo.

*j)* A chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun cumas oiliúna fostóirí a mheas agus a athbhreithniú agus chun dul i mbun caidrimh leis an Soláthraí Comhordúcháin chun aon bhearnaí sa chumas sin a chúiteamh.

*k)* Dul i mbun caidrimh, mar a iarrtar é, leis an rialálaí reachtúil agus a oifigigh údaraithe i bhfeidhmiú a údaráis reachtúil chun fostóirí nua, ar mian leo printísigh a earcú agus a oiliúint, a cheadú agus chun fostóirí a bhaint i gcás ina meastar nach bhfuil an cumas acu níos mó chun oiliúint dhóthanach a chur ar fáil trína bhféadfaí torthaí foghlama an chláir a bhaint amach.

*l)* A chinntiú go bhfuil córais i bhfeidhm chun borrthaí agus teipeanna ar earcaíocht ghairme a chothromú agus chun freagairt a thabhairt ar iomarcaíocht i gcás printísigh aonair.

*m)* A chinntiú go bhfuil córas i bhfeidhm chun leathnú ordúil an tsoláthair a cheadú trínar féidir fostóirí agus soláthraithe comhoibríocha oideachais agus oiliúna a chur leis.

*n)* Athbhreithnithe tréimhsiúla gairme a eagrú agus a chinntiú go gcuirtear na torthaí san áireamh in athbhreithnithe a dhéanfar ina dhiaidh sin.

*o)* Athbhreithnithe tréimhsiúla ar oibriú an Ghrúpa Stiúrtha agus a bhallraíocht a eagrú agus a chinntiú go gcuirtear na torthaí san áireamh i bhforbairt an Ghrúpa Stiúrtha agus i rialachas an chláir.

*p)* A chinntiú go mbíonn forbairt agus oibriú sholáthar na printíseachta don ghairm ag teacht le prionsabail dea-rialachais agus le próisis, córais agus riachtanais an rialálaí reachtúil, na gcomhlachtaí maoiniúcháin, na n-institiúidí oideachais agus oiliúna, an chomhlachta ghairme, an QQI agus aon pháirtithe ábhartha eile.

Ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil dó, féadfaidh an Grúpa Stiúrtha iarraidh ar an Soláthraí Comhordúcháin cuid de na róil thuas a ghabháil orthu féin.

www.QQI.ie

26/27 Lána Denzille
BÁC 2, D02 P266
Éire
t +353 (0) 1 905 8100